ddletb

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2020

Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire



CLÁR NA NÁBHAR

Fáilte ón gCathaoirleach **2**

Focal ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin **3**

..... ***5***

Cuid 1 ***6***

An Bord, An Coiste Feidhmiúcháin, feidhmeanna, Misean agus Luachanna **6**

An Bord 6
An Coiste Feidhmiúcháin 7
Feidhmeanna Bhord BOO 8
Fís 14
Ráiteas misin 14
ár Luachanna 15

Cuid 2 ***17***

Breisoideachas agus Oiliúint (BOaO) **17**

An Fhreagairt ar Covid in 2020 21

Cuid 3 ***24***

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE) **24**

Foireann na bhFoirgneamh 24
cód caiteachais phoiblí 26
Seirbhísí Corparáideacha 26
Acmhainní daonna 27
Cearta an duine agus comhionannas 28
Cúrsaí Airgeadais 28
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide 30
covid-19 32

Achoimre Airgeadais **33**

Cuid 4 ***36***

Bunscoileanna **36**

Iar-Bhunscoil **40**

Cuid 5 ***45***

An tSeirbhís Forbartha Óige agus Spórt **45**

An tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta (STS) **52**

Príomheagraíochtaí a bhfuil caidreamh againn leo **57**

Aguisíní ***61***

Aguisín A **61**

Aguisín B **64**

Aguisín C **64**

Aguisín D **65**

Aguisín E **65**

Aguisín F **66**
Giorrúcháin **67**

FÁILTE ÓN GCATHAOIRLEACH

Le linn 2020, ba mhór an onóir dom a bheith tofa mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire agus is cúis bróid dom Tuarascáil Bhliantúil 2020 BOOÁCDL a chur i láthair anois. Tá BOOÁCDL bródúil as a mhisean "chun réimse leathan clár, seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna a sholáthar do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta ar fud réigiún BOOÁCDL" agus tugtar breac-chuntas sa tuarascáil seo ar an réimse leathan gníomhaíochtaí a rinne scoileanna, ionaid agus seirbhísí BOOÁCDL le bliain anuas.

Ó mhí an Mhárta 2020 i leith, nuair a dúnadh na scoileanna agus na hionaid oideachais, bhí éifeachtaí fadréimseacha ag COVID-19 ar chúrsaí oideachais, ó athruithe móra ar scrúduithe stáit agus foghlaim ar líne ar scála mór. Leanadh de thacaíocht riaracháin a chur ar fáil do na scoileanna agus ionaid go léir trí chianoibriú.

Lean BOOÁCDL ag fás, d'osclaíodh P.S.N. an Mhóinéir Leathain agus rinneadh P.S.N. Thamhlachta a dhífheistiú ar leibhéal bunscoile agus d'osclaíodh Coláiste Pobail Fóla agus C.P. Ériu ar leibhéal iar-bhunscoile. Coinníodh an líon céanna foghlaimeoirí mar rannpháirtithe ar chúrsaí in ionaid breisoideachais agus oiliúna agus tháinig méadú ar líon na rannpháirtithe i gcásanna áirithe.

Tugtar tuairisc ar rath na heagraíochta sa tuarascáil seo, agus ba mhian liom foireann BOOÁCDL a mholadh, a léirigh neart agus díograis ina bhfreagairt chun riachtanais ár bhfoghlaimeoirí agus ár gcomhghleacaithe a chomhlíonadh le linn na bliana eisceachtúla seo a chuaigh thart.

Daneve Harris
Cathaoirleach

FOCAL ÓN BPRÍOMHOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN

Léiríonn Tuarascáil Bhliantúil 2020 iarrachtaí dílse agus éachtaí na mball foirne go léir ar fud BOOÁCDL sa bhliain eisceachtúil sin.

Fuair an Bord tuarascálacha i gcaitheamh na bliana faoin ngníomhaíocht i scoileanna, in ionaid agus i seirbhísí, inar tugadh sonraí faoin obair atá déanta ar mhaithe le leanúnachas an teagaisc agus na foghlama a chinntiú ar feadh na bliana i ngach comhthéacs.

Tomhaiseann BOOÁCDL a dhul chun cinn maidir leis an gcéad sprioc agus an dara sprioc i Ráiteas Straitéise BOOÁCDL; **Cláir Oideachais agus Oiliúna ar Ardchaighdeán** agus **Eispéireas ar Ardchaighdeán d'Fhoghlaimeoirí**. Tá mé an-bhródúil as tiomantas fhoireann uile BOOÁCDL do na caighdeáin is airde a chur ar fáil dár scoláirí le linn phaindéim Covid 19.

Tháinig méadú ar líon na scoláirí sna scoileanna, le 18,777 scoláire scaipthe thar 31 iar-bhunscoil, agus ceithre Ghaelcholáiste san áireamh. Tá 3,172 scoláire inár bpobalscoileanna náisiúnta, idir naoi (9) mbunscoil, dhá (2) scoil ina n-aonaid sainchúraim, pobalscoil náisiúnta speisialta amháin (1), agus scoil amháin (1) atá ina hionad coinneála do leanaí. Tá obair ar siúl ar fud an líonra scoileanna chun tacaíocht ón BOO a áirithiú, agus ó na líonraí príomhoidí, leas-phríomhoidí, oideachas speisialta, DEIS, treoirchomhairleoirí, foghlaim dhigiteach agus gníomhaíochtaí eile um fhorbairt ghairmiúil leantach.

Leanann na Seirbhísí Óige de sheirbhísí a bhainistiú, a mhaoiniú agus tacú leo do 45,000 duine óg sna trí chontae seo a leanas - Fine Gall, Baile Átha Cliath Theas agus Dún Laoghaire/Ráth an Dúin. Rinneadh ár n-iarratas ar Music Generation i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara a fhaomhadh in 2020.

Chuir BOOÁCDL breisoideachas agus oiliúint ar fáil do beagnach 25,000 duine in 2020. D'fhan an líon céanna foghlaimeoirí ar roinnt clár breisoideachais agus oiliúna nó tháinig méadú orthu fiú, mar shampla, cúrsaí iar-Ardteistiméireachta, Scileanna le Dul Chun Cinn a Dhéanamh agus Socrúcháin Oibre do Dhaoine Dífhostaithe, mar gheall ar an éileamh ar dhul chun cinn san oideachas nó ar uasoiliúint agus athoiliúint ghairmiúil. Léiríonn sé sin gairmiúlacht agus freagrúlacht na gcoláistí agus na n-ionad breisoideachais agus oiliúna chun cianfhoghlaim agus foghlaim chumaisc a chur ar fáil.

Leanadh le forbairt ghairmiúil leanúnach, go háirithe i réimse na foghlama digití, go gasta le linn 2020. Trí bhíthin na hoiliúna foirne i ngach earnáil de BOOÁCDL faoin Tionscadal '*Digital Connect*', tacaíodh le rannpháirtíocht foirne i ngach ardán tacaithe de chuid BOOÁCDL a bhaineann lena n-earnáil, agus rinneadh an rannpháirtíocht sin a chothú. Cuireadh tacaíocht láraithe ar fáil d'fhoghlaimeoirí trí raon seisiún pobail foghlama a bhí mealltach agus idirghníomhach, rud a thacaigh le húsáid ardán TF agus timpeallachtaí fíorúla foghlama á n-urrú ag BOOÁCDL inár gcuid scoileanna, coláistí agus ionad.

Is mór an onóir dom saothar iontach beagnach 4,000 ball foirne a fheiceáil ó lá go lá, daoine a leanann orthu ag obair le scoláirí, foghlaimeoirí agus cliaint ar bhealaí úrnua, nuálacha i gcónaí.

Admhaítear sa tuarascáil seo freagairt iontach fhoireann uile BOOÁCDL ar riachtanais foghlaimeoirí agus a dtiomantas d'éiteas agus traidisiúin is fearr na seirbhíse poiblí, an teagaisc agus na foghlama i gcúinsí fíordheacra 2020. Caithfear ár bhfoghlaimeoirí a mholadh chomh maith as a rannpháirtíocht dhearfach inár bhfreagairt theagmhasach ar Covid chun a riachtanais a chomhlíonadh.

Is mór againn tacaíocht Bhord BOOÁCDL agus muid ag obair chun an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil do phobal an BOO seo.

Caitríona Murphy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



1

An Bord

An Coiste Feidhmiúcháin

Feidhmeanna an Bhoird

Fís, Misean agus Luachanna

CUID 1

AN BORD, AN COISTE FEIDHMIÚCHÁIN, FEIDHMEANNA, MISEAN AGUS LUACHANNA

AN BORD

Bord BOOÁCDL amhail an 31 Nollaig 2020		
Comhalta	***An Comhlacht Ainmniúcháin***	
Daneve Harris, Uasal (Cathaoirleach)	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí	Ean – Noll 2020
An Clr. Kazi Ahmed	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Ean – Noll 2020
An Clr. Grainne McGuire	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean – Fea 2020
An Clr. Cathal Boland	Comhairle Contae Fhine Gall	MF – Noll 2020
An Clr. Michael Clark	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Ean – Noll 2020
An Clr. Yvonne Collins	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Ean – Noll 2020
An Clr. Peter Kavanagh	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Ean – Noll 2020
An Clr. Pamela Kearns	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Ean – Noll 2020
An Clr. Brigid Manton	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean – Noll 2020
An Clr. Joe Newman	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean – Noll 2020
An Clr. Ed O'Brien	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Ean – Noll 2020
An Clr. Una Power	Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	Ean – Noll 2020
An Clr. Pamela Conroy	Comhairle Contae Fhine Gall	Samh – Noll 2020
An Clr. Karen Power	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean – MF 2020
An Clr. John Walsh	Comhairle Contae Fhine Gall	Ean – Noll 2020

An tUasal Ken Farrell	Comhdháil na gCeardchumann	Ean – Noll 2020
Anne Genockey, Uasal	AONTAS	Ean – Noll 2020
An tUasal Colm Kilgallon	AONTAS	Ean – Noll 2020
Claire Markey, Uas.	Baill Foirne	Ean – Noll 2020
An tUasal Gerry McGuire (Leas-Chathaoirleach)	Chambers Ireland	Ean – Noll 2020
An tUasal Paul McNally	Cumann Náisiúnta na dTuismitheoirí	Ean – Noll 2020
An tUasal Brendan O'Halloran	Baill Foirne	Ean – Noll 2020

AN COISTE FEIDHMIÚCHÁIN

Coiste Feidhmiúcháin BOOÁCDL amhail an 31 Nollaig 2020	
Caitríona Murphy, Uasal	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
An tUasal Trevor Moore	Stiúrthóir an Bhreisoideachais agus na hOiliúna
Debbie Howlett, Uasal	Stiúrthóir na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta
An tUasal Adrian Flynn	Stiúrthóir na Scoileanna
Nichola Spokes, Uasal	Stiúrthóir na Scoileanna

FEIDHMEANNA BHORD BOO

Bíonn feidhmeanna an Bhoird ina bhfeidhmeanna feidhmiúcháin nó ina bhfeidhmeanna forchoimeádta. Is é an Príomhfheidhmeannach a chomhlíonann na feidhmeanna feidhmiúcháin agus is é an Bord a chomhlíonann na feidhmeanna forchoimeádta. Leagtar amach na feidhmeanna forchoimeádta in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus déantar achoimre orthu mar seo a leanas:

	Feidhmeanna an Bhoird
1.	Iarratas chuig an Aire le haghaidh ainm lena bhféadfaidh an bord é féin a chur in iúl do dhaoine chun críocha oibríochtúla.
2.	Príomhfheidhmeannach a cheapadh.
3.	Príomhfheidhmeannach a chur ar fionraí.
4.	Scoláireacht a chur ar bun.
5.	Tuairim a thabhairt maidir leis na daoine ar ghá don Phríomhfheidhmeannach dul i gcomhairle leo agus ráiteas straitéise á hullmhú aige.
6.	Ráiteas straitéise a ghlacadh.
7.	Tuarascáil bhliantúil a ghlacadh.
8.	Bronntanais a ghlacadh nó bheith i d'iontaobhaí.
9.	Cinneadh chun údarú a thabhairt do chomhalta freastal ar chomhdháil, seimineár, cruinniú nó imeacht.
10.	Maidir le Coiste BOO: (i) an Coiste a chur ar bun nó a dhíscaoileadh; (ii) na téarmaí tagartha a chinneadh agus nósanna imeachta an Choiste a rialú; (iii) comhalta den Choiste (agus an cathaoirleach san áireamh) a cheapadh nó a chur as oifig, agus (iv) gníomh de chuid an Choiste a dhearbhú.
11.	Maidir le Coiste Airgeadais agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca: (i) bunú na gCoistí sin; (ii) comhalta ar na Coistí sin (agus an cathaoirleach san áireamh) a cheapadh agus a chur as oifig, agus (iii) tuarascáil a fháil arna hullmhú ag gach ceann de na Coistí sin agus cinneadh a

dhéanamh maidir leis an ngníomh (más ann dó) is ceart a ghlacadh mar gheall ar thorthaí na tuarascála sin.
12. Plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh.
13. An chumhacht chun airgead a fháil ar iasacht.
14. Cuntais a choimeád.
15. Talamh, nó leas ar bith i dtalamh, a fháil, a choinneáil i seilbh agus a dhiúscairt, 53 Faoi réir na rialachán arna ndéanamh ag an Aire.

FREASTAL AR CHRUINNITHE IN 2020

AN BORD

Freastal na gcomhaltaí ar chruinnithe in 2020:

Comhalta	Fad ama	Fea	Már	Beal	Meith	Lún	MF	DF	Samh
An Clr. Kazi Ahmed	Ean - Noll	√	√	√	√	√	√	√	√
An Clr. Michael Clark	Ean - Noll	√	X	√	√	√	√	X	√
An Clr. Yvonne Collins	Ean - Noll	√	√	√	√	√	√	√	√
Ken Farrell	Ean - Noll	X	X	√	√	√	√	X	√
Anne Genockey	Ean - Noll	X	√	√	X	√	√	√	√
Daneve Harris	Ean - Noll	√	√	√	√	√	X	√	√
An Clr. Peter Kavanagh	Ean - Noll	√	√	√	√	√	X	√	√
An Clr. Pamela Kearns	Ean - Noll	√	√	√	√	√	X	√	√

Colm Kilgallon	Ean - Noll	√	√	√	√	X	√	√	√
An Clr. Brigid Manton	Ean - Noll	X	√	√	√	√	√	√	√
Claire Markey	Ean - Noll	√	√	√	√	√	√	√	√
Gerry McGuire	Ean - Noll	√	√	√	√	√	√	√	√
Paul McNally	Ean - Noll	√	√	√	√	√	√	√	√
An Clr. Joe Newman	Ean - Noll	√	√	√	√	√	√	√	√
An Clr. Ed O'Brien	Ean - Noll	X	√	X	√	√	√	√	√
Brendan O'Halloran	Ean - Noll	√	X	√	√	√	√	√	√
An Clr. Una Power	Ean - Noll	√	√	√	√	√	√	X	√
An Clr. Pamela Conroy	Ean - Noll	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B	√	√
An Clr. Karen Power	Ean - Noll	N/B	N/B	√	X	√	N/B	N/B	N/B
An Clr. Cathal Boland	Ean - Noll	N/B	N/B	N/B	N/B	√	√	√	√
An Clr. Grainne McGuire	Ean - Noll	X	X	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B
An Clr. John Walsh	Ean - Noll	√	√	√	√	√	√	√	√

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA AGUS RIOSCA

Tinreamh Chomhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ag cruinnithe in 2020:

Comhalta		Fad ama	09 Már 2020	20 Beal 2020	30 Meán Fómhair 2020	11 Sam 2020
Alan Connolly	Comhalta seachtrach	Ean - Noll	√	√	√	√
Mary Troy	Comhalta seachtrach	Ean - Noll	N/B	√	√	N/B
Gillian Doherty (Cathaoirleach)	Comhalta Seachtrach	Ean - Noll	√	√	√	√
An Clr. Kazi Ahmed	Comhalta inmheánach	Ean - Noll	√	√	√	√
An Clr. Joe Newman	Comhalta inmheánach	Ean - Noll	√	√	√	√
Daneve Harris	Comhalta inmheánach	Ean - Noll	√	√	√	√

Déanann an Bord maoirseacht leanúnach ar bhainistíocht riosca agus dearbhaíonn sé go ndearna sé measúnú ar phríomhrioscaí BOOÁCDL, na bearta maolaithe lena mbaineann agus dearbhuithe ar éifeachtacht na mbeart sin in 2020.

Déanann an Bord bainistíocht ar rioscaí don eagraíocht trí chlár struchtúrtha bainistíochta riosca. Rinne an Bord an tasc de mhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca a tharmligean don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Cabhraíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an mBord agus tugann sé dearcadh neamhspleách maidir lena fhreagrachtaí i ndáil le bainistíocht riosca.

AN COISTE AIRGEADAIS

Tinreamh Chomhaltaí an Choiste Airgeadais ag cruinnithe in 2020:

Comhalta		Fad ama	21 Fea 2020	25 Már 2020	05 Sam 2020	09 Noll 2020
Gerry McGuire (Cathaoirleach)	Comhalta inmheánach	Ean - Noll	√	√	√	√
Catherine Doran	Comhalta seachtrach	Ean - Noll	√	√	√	N/B
Catherine Bruen	Comhalta seachtrach	Ean - Noll	√	√	√	√
Colm Kilgallon	Comhalta inmheánach	MF - Noll	√	√	√	√
Claire Markey	Comhalta inmheánach	Ean - Noll	√	√	√	√

FÍS

A bheith chun tosaigh go gníomhach in oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar.

RÁITEAS MISIN

Raon leathan clár, seirbhísí agus tacaíochtaí oideachais agus oiliúna a sholáthar do leanaí, do dhaoine óga agus do dhaoine fásta ar fud réigiún BOOÁCDL.

ÁR LUACHANNA



2

Ráiteas Seirbhíse:
Breisoideachas agus Oiliúint

CUID 2

BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT (BOAO)

Thosaigh 2020 go maith d'earnáil breisoideachais agus oiliúna BOOÁCDL, agus thug na táscairí luatha le fios gur bhliain rathúil a bheadh ann, bhí an líon foghlaimeoirí agus bearta feidhmíochta eile ar an mbealach ceart chun an sprioc don bhliain agus na gníomhartha faoin bplean seirbhíse bliantúil a bhaint amach.

Tá sé i gcroílár sholáthar breisoideachais agus oiliúna BOOÁCDL oideachas, oiliúint agus tacaíochtaí a chur ar fáil chun riachtanais agus leasanna daoine aonair, teaghlach, pobal, fostóirí, an gheilleagair agus na sochaí i gcoitinne a chomhlíonadh, le múnla seachadta atá dírithe ar cháilíocht agus ina dtugtar tosaíocht do riachtanais foghlaimeoirí.

Áirítear le soláthar breisoideachais agus oiliúna BOOÁCDL ionaid oiliúna a thairgeann deiseanna uasoiliúna agus athoiliúna do chuardaitheoirí poist, printísigh, fostaithe agus fiontraithe a chomhlíonann riachtanais scileanna fostaithe, fiontair agus an gheilleagair níos leithne. Tairgimid cáilíochtaí gairmiúla agus ceirde trínár gcuid coláistí, lena dtugtar bealach isteach chuig a rogha gairme d'fhoghlaimeoirí, mar aon le rochtain ar ardoideachas. Tá na cláir, tacaíochtaí agus seirbhísí oideachais atá dírithe ar dhaoine aonair agus ghrúpaí atá faoi mhíbhuntáiste oideachais, eacnamaíoch agus sóisialta arna gcur ar fáil ag seirbhísí oideachais aosaigh, seirbhísí oiliúna pobail agus Ógtheagmháil chomh tábhachtach céanna.

Tacaíonn BOOÁCDL leis na riachtanais oideachais agus oiliúna le haghaidh chuimsiú gníomhach go leor gníomhaireachtaí comhpháirtíochta agus seirbhísí éagsúla trí dheontais airgeadais nó uaireanta teagaisc a sholáthar d'eagraíochtaí pobalbhunaithe nó i suíomhanna for-rochtana. Cuirtear an soláthar breisoideachais agus oiliúna seo ar fáil trínár gclár oideachais pobail, agus trí oiliúint phobail arna bainistiú ag ionaid oiliúna. Tacaíonn na heagraíochtaí sin a fhaigheann deontais nó uaireanta teagaisc le cuid de na cohóirt foghlaimeoirí is mó faoi mhíbhuntáiste ó thaobh eacnamaíochta, oideachais nó cúrsaí sóisialta de, go háirithe i limistéir ard-dífhostaíochta.

Le linn 2020, ag tús na dianghlasála agus lena linn, is é an tosaíocht de-facto a bhí ag BOaO ná a chinntiú go leanfaí den fhoghlaim, den mheasúnú, den deimhniúchán agus de dhul chun cinn an fhoghlaimeora agus go dtacófaí le foghlaimeoirí agus baill foirne le linn thionchar na paindéime, na dianghlasála agus na srianta leanúnacha agus leis na hathruithe ar mhúineadh agus foghlaim mar gheall ar an athrú thar oíche go dtí cianfhoghlaim agus cianoibriú.

Bhain **24,406 foghlaimeoir** in iomlán tairbhe as páirt a ghlacadh i gcúrsaí in ionaid, coláistí agus seirbhísí breisoideachais agus oiliúna BOOÁCDL le linn 2020. Tugtar miondealú ar líon na bhfoghlaimeoirí inár bhforáil BOaO in 2020 i **dTábla 1**

B'iontach gur fhan an líon céanna foghlaimeoirí ar roinnt clár breisoideachais agus oiliúna nó tháinig méadú orthu fiú i gcaitheamh 2020, mar shampla, cúrsaí iar-Ardteistiméireachta, Scileanna le Dul Chun Cinn a Dhéanamh agus Socrúcháin Oibre do Dhaoine Dífhostaithe, mar gheall ar an éileamh ar dhul chun cinn san oideachas nó ar uasoiliúint agus athoiliúint ghairmiúil. Léiríonn sé sin gairmiúlacht agus freagrúlacht na gcoláistí agus na n-ionad breisoideachais agus oiliúna chun cianfhoghlaim agus foghlaim chumaisc nuálach a chur ar fáil go forleathan.
Bhí tionchar doshéanta ag na srianta de bharr Covid le linn 2020 ar líon na bhfoghlaimeoirí áfach, agus tuairiscíodh laghdú ar líon na bhfoghlaimeoirí ar an iomlán. Bhí tionchar suntasach ag srianta na dianghlasála ar líon na bhfoghlaimeoirí a chláraigh do chúrsaí, ar ghá iad a chur ar atráth nó a shrianadh de réir na comhairle agus na dtreoracha ón roinn sláinte phoiblí, ón rialtas agus ón earnáil.

Baineadh leas as na léargais a fuarthas le linn 2020 chun tacú leis an bpleanáil maidir le breisoideachas agus oiliúint i gcomhair 2021 agus chun feabhas a chur uirthi, trí oiriúnú go tapa do na cúinsí athraitheacha agus don fhaisnéis nua. Beidh sé fós deacair líon na bhfoghlaimeoirí a réamh-mheas i 2021 ach meastar go dtiocfaidh fás air de réir mar a leanfaidh BOOÁCDL de fhreagairt theagmhasach éifeachtach ar Covid a chur i bhfeidhm d'fhonn cláir agus seirbhísí BOaO a chur ar fáil i dtírdhreach sóisialta agus eacnamaíoch atá ag athrú i gcónaí.

Tábla 1

An Cineál Soláthair		Líon na bhFoghlaimeoirí BOaO in 2020
Soláthar lánaimseartha		
	Printíseacht 2016+	163
	Oiliúint Phrintíseachta	1,195
	Oiliúint Nasctha	376
	Oiliúint i Nasc-chúrsaí agus Bonnchúrsaí	57
	Ionaid Oiliúna Phobail	199
	Ceardlann um Cheartas	37
	Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	232
	IAT	5,038
	IAT roimh Phrintíseacht	52
	Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe	295
	Oiliúint i Scileanna Sonracha	1,504
	Cúrsaí Oiliúna: Fostaithe	1,068
	Cúrsaí Oiliúna	416
	Bunchúrsaí SDOG	360
	Ógtheagmháil	579
	IOMLÁN LÁNAIMSEARTHA	**11.571**
Soláthar páirtaimseartha		
	Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh	1,321
	Grúpaí de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar Oideachas	2,592
	Oideachas Pobail	2,597
	Ríomh-Choláiste	240
	BCTE	2,527
	Oiliúint Tráthnóna	1,581
	Uaireanta Comhair BOaO	41
	DTOBA	351
	Aitheantas Réamhfhoghlama	7
	Scileanna Oibre	190
	Scileanna le dul chun cinn a dhéanamh	1,028
	IOMLÁN PÁIRTAIMSEARTHA	**12,475**

LÍON IOMLÁN NA BHFOGHLAIMEOIRÍ	**24,406**

AN FHREAGAIRT AR COVID IN 2020

Thug BOOÁCDL aghaidh ar thionchar Covid-19 ar an soláthar BOaO trí phlean uileghabhálach maidir le Covid, ar cuireadh tús leis ón gcéad dianghlasáil mar phlean teagmhais agus a ndearnadh é a nuashonrú de réir mar a tharla imeachtaí agus lena n-áirítear pleanáil le haghaidh suaithí eile de bharr Covid amach anseo, agus an tionchar a bheidh acu sin ar ár soláthar BOaO, agus na ceanglais reachtúla agus sláinte poiblí uile á gcur san áireamh, mar aon le riachtanais agus cúiseanna imní na bhfoghlaimeoirí, na mball foirne, na bpobal agus na hearnála BOaO i gcoitinne.

Bhí dhá chéim ar leith inár bplean Covid, lena gcuimsítear:

Freagairt ar an gCéad Dianghlasáil

- Leanúnachas foghlama a chinntiú trí threoirlínte teagmhais a dhréachtú agus a chur chun feidhme chun tacú le foghlaim a chur ar fáil, a mheasúnú agus a fhíorú trí chian-oibriú chun na riachtanais DC uile a chomhlíonadh agus chun tacú le foghlaimeoirí cúrsaí a chríochnú agus dul ar aghaidh.
- Cúrsaí a aithint agus a chur in oiriúint d'fhoghlaim ar líne agus raon na roghanna le foghlaim fhíorúil, cianfhoghlaim agus foghlaim chumaisc a leathnú, lena n-áirítear foghlaimeoirí nua a mhealladh isteach le linn na dianghlasála.
- Cuireadh oiliúint ar bhaill foirne agus tacaíodh leo i ndáil le Timpeallacht Fhíorúil Foghlama aonair a úsáid, lena gcuimsítear Microsoft Teams agus modheolaíochtaí foghlama cumaisc trí Thionscadal FCT Connect BOOÁCDL agus tionscnaimh FCT áitiúla eile chun leanúnachas foghlama a áirithiú, mar aon le tacaíocht d'fhoghlaimeoirí agus teagmháil leo trí fhoghlaim ar líne.
- A chinntiú go raibh rochtain ag na foghlaimeoirí go léir ar an Timpeallacht Fhíorúil Foghlama (TFF) le Microsoft Teams, agus gur tugadh seoladh ríomhphoist agus rochtain ar ranganna teagaisc agus ar thacaíochtaí ar líne do gach scoláire i ndáil leis an TFF a úsáid.
- A chinntiú go raibh rochtain ag na baill foirne go léir ar threalamh TF ionas go mbeidís ábalta leanúint ag obair le linn na dianghlasála agus leanadh den COaO a

fheidhmiú trí chúrsaí a chur ar fáil agus feidhmeanna cúloifige, bainistíochta agus rialachais a chomhlíonadh.

ATHOSCAILT AGUS SRIANTA BREISE MAIDIR LE COVID TAR ÉIS ATHOSCAILTE:

- Suirbhéanna a dhéanamh ar fhoghlaimeoirí, múinteoirí agus bainisteoirí chun na scéalta ratha agus na dúshláin a shainaithint a bhí i gceist leis an aistriú tobann go dtí cianfhoghlaim, lena gcuirfí faisnéis ar fáil d'athoscailt BOaO ó mhí Mheán Fómhair 2020 ar aghaidh.
- Cúrsaí agus cláir nua a chur in oiriúint do mhúnlaí cianfhoghlama nó foghlama cumaisc.
- Tús áite a thabhairt do sholáthar BOaO praiticiúil/bunaithe ar scileanna trí thráthchláir agus modheolaíochtaí foghlama a oiriúnú agus modúil atá bunaithe ar theoiric nó aonaid foghlama a athrú go dtí cianfhoghlaim nó foghlaim ar líne.
- Áitreabh a oiriúnú agus prótacail sláinte agus sábháilteachta feabhsaithe a chur i bhfeidhm ar aon dul leis na ceanglais maidir le sláinte poiblí agus scaradh sóisialta.
- Treoirlínte agus prótacail rialachais maidir le foghlaim chumaisc agus cianfhoghlaim, lena n-áirítear modúil taithí oibre a oiriúnú nó a athrú d'fhoghlaimeoirí nach féidir leo socrúcháin oibre a fháil.
- Úsáid níos fearr a bhaint as margaíocht fhíorúil agus soláthar BOaO a chur chun cinn trí na meáin shóisialta agus taispeántais oideachais ar líne, aontaí gairmeacha agus laethanta oscailte fíorúla le haghaidh ionaid BOaO áitiúla.
- Measúnuithe riosca ar shuíomhanna na gcomhpháirtithe pobail uile chun foghlaim a chumasú pé áit is féidir, nó ranganna for-rochtana a bhogadh go dtí ionaid breisoideachais agus oiliúna BOOÁCDL.
- Ábhar digiteach a chruthú agus a shaincheapadh do riachtanais foghlaimeoirí nach bhfuil ach fíorbheagán scileanna digiteacha acu nó nach bhfuil aon scileanna digiteacha acu, ionas go mbeidís ábalta tabhairt faoi chianfhoghlaim nó foghlaim chumaisc.
- Tacaíochtaí sainiúla d'fhoghlaimeoirí maidir le folláine.
- Scéimeanna iasachta TF agus ríomhairí glúine áitiúla agus láraithe eile/a mhaoinítear le SOLAS a chur i bhfeidhm i gcomhair foghlaimeoirí breisoideachais agus oiliúna.

- Cúrsaí modúlacha gearra nua agus ábhartha a fhorbairt maidir le scileanna cianoibrithe agus díolacháin ar líne, atá dírithe ar fhostóirí agus ar fhostaithe a raibh tionchar ag Covid 19 orthu.

TACAÍOCHTAÍ DO CHIANTEAGASC, CIANFHOGHLAIM AGUS CIAN-OIBRIÚ MAIDIR LE BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Thacaigh an earnáil BOaO le rogha BOOÁCDL chun Microsoft Office 365 a úsáid mar an ardán tiomnaithe, tacaithe chun riachtanais cianoibrithe agus cianfhoghlama a chomhlíonadh, le MS Teams mar an Timpeallacht Fhíorúil Foghlama (TFF) agus MS One Drive mar an modh cumarsáide agus comhoibrithe.

Thug Mol FCT BOaO, i gcomhpháirtíocht le Tionscadal Connect agus roinn TF BOOÁCDL, freagairt den scoth ar riachtanais uasoiliúna bhaill foirne agus fhoghlaimeoirí uile BOOÁCDL de dheasca phaindéim Covid, agus chuir siad an méid seo a leanas ar fáil:

- Breis agus **cúig mhíle (5,000)** teagmháil le baill foirne BOaO idir mhí na Bealtaine agus mí na Nollag 2020, ina raibh deis ag na baill foirne páirt a ghlacadh san oiread seisiún téamach agus is féidir, chomh minic is gá, agus cuireadh na seisiúin ar fáil athuair go minic, chun a chinntiú go ndéanfaí scileanna nua a leabú. Ar an gcaoi sin, rinneadh cianoibriú, comhoibriú agus cumarsáid éifeachtach a chinntiú le haghaidh teagaisc, treoraithe agus oiliúna chomh maith le cleachtais ghnó laethúla BOO maidir le hearnáil BOaO BOOÁCDL a oibriú, a sheachadadh agus a bhainistiú.
- Breis agus **seacht míle go leith (7,500)** teagmháil le foghlaimeoirí BOaO ó mhí Dheireadh Fómhair go dtí mí na Nollag 2020 áit ar tugadh deis do na foghlaimeoirí aonair páirt a ghlacadh sna seisiúin dhifriúla agus iad a athdhéanamh a oiread uaireanta a theastaigh uathu, agus tacaíodh go mór leo agus páirt á glacadh acu i gcianfhoghlaim agus i bhfoghlaim chumaisc.
- Tar éis suirbhé a dhéanamh ar na baill foirne agus na foghlaimeoirí BOaO, fuair BOOÁCDL maoiniú breise ó SOLAS faoi thionscnamh "*Bridging The Digital Divide*" an Rialtais chun **sé chéad caoga a trí (653)** ríomhaire glúine a cheannach d'fhonn scéim láraithe iasachta ríomhairí glúine d'fhoghlaimeoirí a chur i bhfeidhm. D'oibrigh an roinn TF i gcomhar le hionaid agus seirbhísí BOaO chun tús a chur le feidhmiú

céimneach na scéime iasachta sin i ráithe dheireanach 2020 agus leanfar den scéim a oibriú in 2021 de réir mar a chríochnóidh foghlaimeoirí a gcúrsaí agus a bheidh foghlaimeoirí nua ábalta leas a bhaint as an scéim iasachta. Rinneadh **ceithre chéad daichead a haon (441)** ríomhaire glúine breise a cheannach go lárnach chun tacú le baill foirne BOaO oibriú ón mbaile le trealamh TF nuashonraithe nó uasghrádaithe. Leanfar den scéim ríomhairí glúine do bhaill foirne a chur i bhfeidhm in 2021 le haghaidh cianteagaisc, measúnaithe nó riachtanais oibriúcháin eile, de réir mar is gá chun riachtanais an ionaid BOaO áitiúil nó na seirbhíse BOaO áitiúla a chomhlíonadh.

TIONSCADAIL AGUS TOSAÍOCHTAÍ BOAO EILE IN 2020

Tháinig méadú suntasach ar fhorbairt cúrsaí nua agus nuálacha, mar fhreagairt ar an bpaindéim agus mar fhreagairt ar riachtanais athraithe agus athraitheacha ó thaobh gastacht ghnó agus próisis ghnó ar líne de mar gheall ar Brexit chomh maith. Bhí forbairtí teicneolaíochta sa gheilleagar glas agus i dtionscnaimh dícharbónaithe ina bpríomhthosaíocht i ndáil le cúrsaí nua a fhorbairt chomh maith. Rinneadh comhpháirtíocht nua a chomhaontú idir BOOÁCDL agus BOOCDCM chun tacú le dícharbónú an tionscail fáilteachais agus turasóireachta ar a dtugtar *"Fifty Shades of Green".*

I measc an réimse cúrsaí BOaO nua a cuireadh ar fáil in 2020 bhí Trádáil Idirnáisiúnta, Cúrsaí Airgeadais agus Lóistíocht, Ceannach, Cúrsaí Soláthair agus Fardal Trádstórais, Mná i nGnó, Ceannaireacht agus Bainistíocht, Díol ar Líne, Feasacht ar Fhorbairt Áitiúil agus Dhomhanda.

Lean baill foirne Dearbhaithe Cáilíochta agus BOaO de chuid BOOÁCDL ag obair mar an BOO cinn agus na dámhachtainí nua um Luathfhoghlaim agus Cúram (ECCE) ar leibhéil 5 & 6 don earnáil BOaO á bhforbairt, agus tá sé beartaithe na dámhachtainí sin a chur ar fáil in 2021.

Rinne na cleachtóirí BOaO teagmháil dhearfach lena chéile agus d'aithin siad na deiseanna i gcomhair cianfhoghlama agus foghlaim chumaisc tar éis Covid, fad is a chuir siad freagairt theagmhasach ar Covid san áireamh, trí mhodhanna seachadta a oiriúnú do chúrsaí BOaO praiticiúla agus gairmiúla. I ngeall ar a chineál, cuireann BOaO foghlaim scilbhunaithe ar fáil do chomhthéacs fíorshaoil nó comhthéacs fostaíochta. Tá beartas nua á chur i gcrích

ag Meitheal Oibre BOOÁCDL chun an leas is mó is féidir a bhaint as na deiseanna dearfacha le haghaidh foghlaim le cuidiú teicneolaíochta agus foghlaim chumaisc amach anseo.

Nuair a fógraíodh deontas nua ón rialtas, ar a dtugtar an Ciste um Buntáiste Oideachasúil a Mhaolú (Mitigating Against Educational Disadvantage Fund (MAEDF) a ndéanfadh na BOOnna uile é a riar, tugadh an deis do BOOÁCDL comhpháirtithe oideachais pobail nua a mhealladh agus tacú leo, go háirithe tríd an deontas a leithdháileadh chun tacú le foghlaimeoirí sa phobal rochtain a fháil ar thacaíochtaí agus trealamh TF. Fógraíodh an ciste sin sa ráithe dheireanach de 2020 agus d'éirigh sé ina thosaíocht lena chinntiú go ndéanfaí iarratais a phróiseáil agus cistí a scaipeadh roimh dheireadh na bliana. Rinne SOLAS 13 iarratas ar dheontas in iomlán a fhaomhadh le haghaidh maoinithe.

Bhí sé beartaithe an chéad Chomhaontú Feidhmíochta Straitéisí BOaO idir BOOÁCDL agus SOLAS a chur i gcrích ag deireadh 2020. Cé go bhfuil sé beartaithe tús a chur leis an gcéad phlé eile le SOLAS maidir le Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí (CFS) ó 2021 ar aghaidh, thacaigh earnáil BOaO BOOÁCDL le freagairt theagmhasach náisiúnta SOLAS ar Covid le linn 2020. Cuimsíodh leis sin, cláir nua a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe, amhail Scileanna le Dul san Iomaíocht, d'fhonn tacú leo siúd a chaill a bpoist de bharr COVID-19 chun poist nua a fháil.

Le linn 2020, chuathas i gcomhairle le baill foirne BOaO BOOÁCDL agus chuir siad go mór le líon mór aighneachtaí earnála náisiúnta lena n-áirítear an t-athbhreithniú náisiúnta ar phrintíseachtaí. Caithfear baill foirne BOaO BOOÁCDL a mholadh as a bhfreagairt agus a gcineáltas ó thaobh a léargais, a dtaithí agus a saineolas a chur in iúl chun cuidiú le beartas agus straitéis náisiúnta um breisoideachas agus oiliúint a fhorbairt, go háirithe i bhfianaise na n-éileamh oibriúcháin a bhí ann mar gheall ar shrianta maidir le Covid.

COVID AGUS BAILL FOIRNE AGUS FOGHLAIMEOIRÍ BOAO – AITHEANTAS

Tá sé tábhachtach freisin aird a thabhairt ar fhreagairt iontach bhaill foirne BOaO uile BOOÁCDL ar riachtanais foghlaimeoirí agus comhghleacaithe agus a dtiomantas d'éiteas agus traidisiúin is fearr na seirbhíse poiblí, an teagaisc, na hoiliúna agus na foghlama i gcúinsí fíordheacra 2020. Tá moladh tuillte ag ár bhfoghlaimeoirí chomh maith mar bhí tionchar ag na srianta maidir le Covid ar a gcuid foghlama ach ghlac siad páirt

3

Ráiteas Seirbhíse:

Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

CUID 3

TACAÍOCHT AGUS FORBAIRT EAGRAÍOCHTA (TFE)

Ba bhliain ghnóthach eile í don Fhoireann um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (TFE), ina raibh go leor athruithe ó thaobh athstruchtúrú foirne de agus riachtanais bhreise i ndáil le soláthar seirbhíse. Cuireann an Fhoireann TFE na seirbhísí neamhfhoghlama ar fáil agus tá siad ríthábhachtach chun cuidiú le hoideoirí agus oiliúnóirí díriú ar sheirbhísí díreacha a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí lena chinntiú go mbíonn eispéiris foghlama den chéad scoth acu.

Cuireadh de chúram ar an bhFoireann TFE a chinntiú go leanfar den chód cleachtais um rialachas BOOnna a chur i bhfeidhm.

Baintear é sin amach trí chinntiú go gcuirtear socruithe rialachais láidre agus éifeachtacha ar bun. Oibríonn an Oifig Gnóthaí Poiblí, a fhaigheann tacaíocht ó aonaid fheidhmiúla uile TFE, le scoileanna agus ionaid chun athbhreithniú agus athmheas a dhéanamh ar dhoiciméid agus cleachtais maidir le rialuithe inmheánacha a thacaíonn le caighdeáin agus spiorad an chóid. Táimid tiomanta i gcónaí d'fheabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí trí athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis agus córais ghnó atá ann cheana agus trí shainaithint a dhéanamh ar chinn nua.

FOIREANN NA BHFOIRGNEAMH

Tá dhá aonad ar leith i bhFoireann na bhFoirgneamh, an tAonad Foirgneamh agus Réadmhaoine agus an tAonad Foirgneamh agus Tionscadal Caipitil, a oibríonn i gcomhar lena chéile le raon seirbhísí a sholáthar chun tacú lenár scoileanna agus lenár n-ionaid.

I measc na seirbhísí a chuir an tAonad Foirgneamh agus Réadmhaoine ar fáil in 2020 bhí:

- Tacú leis an bhfoireann theicniúil chun tionscadail chaipitiúla a sholáthar.
- Tacú le hobair cothabhála agus bainistíochta ar na háitribh atá faoi úinéireacht BOOÁCDL nó ar léas ag BOOÁCDL, lena n-áirítear:

  - réadmhaoin nua chun seirbhísí oideachais d'aosaigh a sholáthar i gContae Bhaile Átha Cliath Thuaidh;
  - léasanna a athchaibidliú le haghaidh seirbhís oideachais d'aosaigh i gContae Bhaile Átha Cliath Theas;
  - athbhreithniú cíosa don Cheannoifig.
- Comhaontuithe seirbhíse a sholáthar le comhphátrúin ionad spóirt.
- Scéim na nOibreacha Samhraidh.
- Scéim na n-oibreacha éigeandála.

I measc na seirbhísí a chuir an tAonad Foirgneamh agus Tionscadal Caipitil ar fáil in 2020 bhí:

- Cóiríocht shealadach a chur ar fáil i gColáiste Pobail Ard Giolláin, i gColáiste Pobail na Sceirí agus i gColáiste Pobail an Ghrifín.
- Cóiríocht a chur ar fáil do dhá scoil nua, Coláiste Pobail Fóla agus Coláiste Pobail Ériu
- Coláiste Pobail Lusca a sholáthar leis an Roinn Oideachais.
- Comhoibriú le tionscadail nach mbaineann le BOO i Scoil Speisialta Benincasa
- Scéim na n-oibreacha samhraidh.
- Scéim na n-oibreacha éigeandála.
- Cúrsaí foirgnimh féinmhaoinithe an BOO.

CÓD CAITEACHAIS PHOIBLÍ

Chuir BOOÁCDL Grúpa um Dhearbhú Cáilíochta (Grúpa DC) ar bun de réir Chiorclán RCPA 13/13 agus Ciorclán nuashonraithe 18/19. Tacóidh an Grúpa um Dhearbhú Cáilíochta le BOOÁCDL chun tionscadail/cláir chaipitil a bhreithmheas, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú. Tá ceathrar ball sa ghrúpa a fhaightear ón Aonad Bainistíochta Cisteáin & Soláthair, an tAonad Íocaíochtaí, an Oifig Gnóthaí Poiblí agus an Stiúrthóir TFE.

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Lean an tAonad Seirbhísí Corparáideacha ag tacú leis an eagraíocht chun a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh sna réimsí seo a leanas:

- Cosaint sonraí, oiliúint leanúnach le feidhmchlár ar líne agus "Inneall Príobháideachta" a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach.
- Saoráil Faisnéise, - tháinig méadú ar iarratais daoine ar a sonraí le linn na tréimhse.
- Na meáin agus brandáil, aghaidh a thabhairt ar cheisteanna ó scoileanna/ionaid eile nó ón bpobal, aghaidh a thabhairt ar Cheisteanna Parlaiminte (CP).
- Pátrúnacht agus an próiseas dífheistithe.
- Árachas.
- Acht na dTeangacha Oifigiúla - comhlíonadh agus aistriúchán.
- Rialachas corparáideach.
- Bainistíocht beartas.

ACMHAINNÍ DAONNA

Mar thoradh ar an athrú struchtúir rinneadh na feidhmeanna a bhíodh á gcomhlíonadh ag an roinn Párolla a bhogadh go dtí an Aonad nua um Sheirbhísí agus Caidrimh le Fostaithe, mar thoradh ar an mbogadh go dtí Seirbhísí Comhroinnte Párolla SGCO. Oibríonn siad i gcomhar leis an Aonad um Bainistiú Oibríochtaí Fostaithe.

Tacaíonn an tAonad um Sheirbhísí agus Caidrimh le Fostaithe le baill foirne BOOÁCDL sna réimsí seo a leanas:

- Riar párolla,
- Riar pinsean,
- Caidreamh foirne,
- Oiliúint agus forbairt foirne.

Tacaíonn an tAonad um Bainistiú Oibríochtaí Fostaithe leis an eagraíocht chun a cuid oibleagáidí a chomhlíonadh sna réimsí seo a leanas:

- Earcaíocht,
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána,
- Bainistíocht asláithreachta,
- Leithdháileadh agus úsáid foirne.

BAILL FOIRNE AGUS PÁROLLA

Bliain	Líon na bhFostaithe	Costas Párolla
2019	4,036	€143,440,782
2020	3,838	Faoi réir iniúchta. Beidh sé le feiceáil ar ár suíomh gréasáin

CEARTA AN DUINE AGUS COMHIONANNAS

Tar éis oiliúint ó BOOÉ, chuir BOOÁCDL meitheal oibre ar bun chun a dhualgas a chomhlíonadh i ndáil le cearta an duine agus comhionannas san earnáil phoiblí, agus acmhainní agus tacaíochtaí a fhorbairt d'fhonn é a chur i bhfeidhm go leanúnach laistigh den BOOÁCDL. Tá ionadaithe ó gach earnáil den eagraíocht sa ghrúpa seo.

CÚRSAÍ AIRGEADAIS

Rinne BOOÁCDL, mar chuid de ghrúpa cobhsúcháin le cúig BOO eile a úsáideann córas bainistíochta airgeadais Sun, agus ag obair le Foireann Airgeadais um Sheirbhís Chomhroinnte SGCO, a chóras bainistíochta airgeadais féin a uasghrádú chuig Sun Financials v6.4. Beidh ríomhchumhacht agus acmhainní feabhsaithe acu de thoradh ar an uasghrádú sin. Beidh sé sin, chomh maith le modúl tuairiscithe nua a chuirfear leis in 2021, mar thacaíocht don eagraíocht ó thaobh a hoibleagáidí tuairiscithe don Roinn Oideachais agus SOLAS de.

Thacaigh an tAonad Íocaíochtaí i gCúrsaí Airgeadais le scoileanna agus ionaid chun orduithe ceannaigh agus sonraisc a phróiseáil don eagraíocht. Rinneadh na híocaíochtaí le foghlaimeoirí in Ionaid Oiliúna a bhogadh go dtí Seirbhís Chomhroinnte SGCO i mí an Mhárta. D'fhan próiseáil na ngnéithe clárúcháin, freastail agus pearsanra leis an BOO agus ba ghá próisis a

leasú sna hionaid mar thoradh. Cuireadh tús leis an ullmhú le haghaidh íocaíochtaí eile foghlaimeoirí in 2020.

ÍOCAÍOCHTAÍ LE CREIDIÚNAITHE

Cur síos	Luach
Líon na nIdirbheart	29,161
Luach iomlán an chaiteachais neamhphá	Faoi réir iniúchta. Beidh sé le feiceáil ar ár suíomh gréasáin

ÍOCAÍOCHTAÍ FOGHLAIMEOIRÍ

Íocaíochtaí Ionaid Oiliúna

	Líon na n-íocaíochtaí
TAPS DN/DW	11,035
TAPS DS	9,925
Printísigh	4,082
Foghlaimeoirí	8,177
IOMLÁN	**33,219**

SDOG/Ógtheagmháil

	Líon na nÍocaíochtaí
Socrúchán Oibre CPCC	620
Liúntais SDOG	11,493
Liúntais Ógtheagmhála	11,465
IOMLÁN	**23,578**

Lean an tAonad Bainistíochta Cisteáin & Soláthair ag tacú le scoileanna agus ionaid sna réimsí seo a leanas:

- Baincéireacht,
- Buiséadú,
- Tuairisciú airgeadais,
- Soláthar.

Chuir an tAonad Bainistíochta Cisteáin an méid a leanas ar fáil freisin:

- Tuairisciú airgeadais,

- Éilimh ar CSTE a bhainistiú,
- Iniúchtaí AE, ARCC agus AII a chomhordú,
- An ráiteas airgeadais bliantúil a chur i dtoll a chéile.

Lean an fhoireann soláthair ag tacú le scoileanna agus le hionaid chun earraí agus seirbhísí a sholáthar lena n-úsáid laistigh de BOOÁCDL. I measc na seirbhísí a chuireann an tAonad seo ar fáil tá:

- Earraí agus seirbhísí a fháil ar aon dul le beartais agus nósanna imeachta.
- Conarthaí a bhainistiú.
- Idirchaidreamh le BOOÉ, OSR agus SSO i ndáil le creataí náisiúnta.
- Oiliúint.

Tá BOOÁCDL fós ag obair chun a fhreagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil leis na rialacháin maidir le soláthar agus in 2020 cuireadh feabhas 54% ar leibhéal neamhchomhlíonta na heagraíochta.

ANAILÍS AR NEAMHCHOMHLÍONADH

Bliain	Luach
2018	€3,300,102 (Gan CBL san áireamh)
2019	€2,405,596 (Gan CBL san áireamh)
2020	Faoi réir iniúchta. Beidh sé le feiceáil ar ár suíomh gréasáin

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE

Cuireann an tAonad Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide tacaíocht ar fáil don fhoireann agus do scoláirí in BOOÁCDL. In 2020, tháinig fás an-sciobtha ar a ról mar thoradh ar phaindéim Covid-19 agus bhí orthu cianfhoghlaim ar líne a chur ar fáil agus tacú léi. D'oibrigh an tAonad TFC i gcomhar le Foireann na bhFoirgneamh chun an trealamh cuí a chur isteach i gcóiríocht nua agus i gcóiríocht shealadach.

I measc na seirbhísí agus na dtacaíochtaí a chuireann siad ar fáil tá:

- Bonneagar a shuiteáil agus a bhainistiú.
- Cuntais úsáideora a bhainistiú.
- Conarthaí a bhainistiú.
- Réitigh bhogearraí a chur ar fáil.
- Córais teileafónaíochta a shuiteáil agus a bhainistiú.
- Athshlánú ó thubaiste.
- Slándáil.
- Oiliúint.

COVID-19

Chruthaigh paindéim an Choróinvíris (Covid-19) dúshlán nach bhfacthas a leithéid riamh cheana i saol an lae inniu. Bhí tionchar suntasach ag dúnadh na scoileanna agus na n-ionad, agus dúnadh na Ceannoifige ina dhiaidh sin, i mí an Mhárta 2020 ar oibriú BOOÁCDL. Ba é an chéad cheist ar ghá dúinn aghaidh a thabhairt uirthi ó thaobh cúrsaí gnó de ná cur i bhfeidhm ár bPlean Leanúnachais Ghnó.

Bhí ar BOOÁCDL dul in oiriúint don chianoibriú agus córais rialaithe inmheánaigh a choimeád i bhfeidhm agus fós plé leis an tírdhreach riosca a bhí ag athrú an t-am ar fad. Bhí sé ríthábhachtach dúinn dul i dteagmháil leis na páirtithe leasmhara agus na baill foirne uile le linn na tréimhse sin. Bhí sé fíorthábhachtach freisin sláinte agus sábháilteacht na mball foirne go léir a chinntiú agus chuige sin chuir BOOÁCDL cúnamh ar fáil do na baill foirne trínár scéim cúnaimh d'fhostaithe. Ina theannta sin, choinnigh ár Seirbhís Tacaíochta Síceolaíochta i dteagmháil trí sheisiúin phlé irise ar an Aoine.

Sula raibh ár bhfoireann ábalta filleadh ar an ionad oibre, bhí ar BOOÁCDL bearta sábháilteachta agus sláinte poiblí a chur ar bun chun ár bhfoireann, na scoláirí agus na tairbhithe a chosaint, amhail scaradh sóisialta, comharthaíocht agus táirgí díghalraithe. Leanann BOOÁCDL beartais agus comhairle an Rialtais i gcónaí. Beidh ról suntasach ag BOOÁCDL sna freagairtí foriomlána a mbeidh gá leo chun an margadh saothair a chur i ngníomh.

ACHOIMRE AIRGEADAIS

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire á chistiú go príomha ag an Roinn Oideachais maidir lena bhunscoileanna agus a scoileanna dara leibhéil.
Cuireann SOLAS agus an Roinn Oideachais cistiú ar fáil do chláir bhreisoideachais agus oiliúna.
In 2020, fuarthas cistiú le haghaidh tionscadail áirithe ó ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile freisin, lena n-áirítear:

- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ).
- An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (RGFCS).
- An Roinn Sláinte.
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit.
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí.
- An tÚdarás um Ard-Oideachas.
- Comhairle Contae Átha Cliath Theas.
- Comhairle Contae Fhine Gall.
- Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.
- POBAL.
- Léargas.
- Tusla.

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi réir iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC). Tráth ar foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil seo le haghaidh 2020, ní raibh a iniúchadh curtha i gcrích ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Dá bhrí sin, foilseoidh an BOOÁCDL na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin ón dáta a fhaightear iad ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá sonraí airgeadais maidir leis an méid seo a leanas san áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Táillí neamh-thuarastail a íocadh maidir le comhaltaí an Choiste;
- Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe;
- Sochair iarfhostaíochta;
- Sochair foirceanta;
- Cúiteamh don phríomhfhoireann bainistíochta, más ann dóibh;
- Líon na bhfostaithe a raibh sochair fostaithe iomlána idir €0 agus €59,999 acu;
- Líon na bhfostaithe a raibh sochair fostaithe iomlána idir €60,000 agus €69,999 acu agus laistigh de gach banda pá de €10,000; agus
- An figiúr foriomlán le haghaidh ranníocaíochtaí pinsin fostóirí.

4

Ráiteas Seirbhíse: Scoileanna

CUID 4

BUNSCOILEANNA

Tá BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina phátrún ar dheich (10) bpobalscoil náisiúnta.

Ainm na Scoile	Suíomh
Scoil Choilm	Baile an Phóirtéaraigh, Baile Átha Cliath 15
Scoil Ghráinne	Baile Fiobail, Baile Átha Cliath 15
Scoil Chormaic	Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath
P.S.N. Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard	Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24
P.S.N. Aoife	Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24
P.S.N. Leamhcáin	Leamhcán, Co. Bhaile Átha Cliath
P.S.N. Ghleann na hAbhann	Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
P.S.N. an Mhóinéir Leathain	Sord, Co. Bhaile Átha Cliath
Scoil Speisialta Phobail Danu	Cluain Aodha, Baile Átha Cliath 15
P.S.N. Thamhlachta	Ascaill Choill an Chláir, Tamhlacht

Tá baint BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire leis an mbunoideachas ina dúshlán agus ina deis ag an am céanna. Tá uileghabhálacht na bpobalscoileanna náisiúnta ar cheann dá saintréithe. Mealltar leanaí ó gach cúlra chuig Pobalscoileanna Náisiúnta de bharr gur maith is eol go bhfaighidh siad oideachas ar ardchaighdeán, a ullmhóidh iad do shaol i sochaí ilchreidmheach, ilchultúrtha i ndiaidh na scoile.

Amhail gach bunscoil, cloíonn pobalscoileanna náisiúnta le curaclam náisiúnta na bunscoile (ROS, 1999). Bíodh sin mar atá, tá 'an t-éiteas' nó 'an sainspiorad' ina ngné uathúil den mhúnla. Tá sainspiorad na pobalscoile náisiúnta bunaithe ar chúig chroí-threoirphrionsabal:

Barr Feabhais san Oideachas

Maidir le 'Barr Feabhais san Oideachas', faigheann do leanbh oideachas leanbhlárnach a fhreastalaíonn ar na riachtanais intleachtúla, fhisiciúla, chultúrtha, mhorálta agus spioradálta atá aige. Beidh scoth na múinteoirí ag do leanbh, a chuirfidh dúshlán faoi ar a leibhéal féin agus a threoróidh an fhoghlaim ar bhealach atá oiriúnach dá riachtanais aonair. Rachaidh na leanaí i bpobalscoileanna náisiúnta tríd an gcuraclam ar na bealaí is nuálaí, is spreagúla, rud a mhúsclóidh dúil sa léann ann.

Cúram

Cuirtear timpeallacht fhisiciúil agus shóisialta slán ar fáil inár scoileanna ina gcothaítear braistint chómhuintearais i bpobal na scoile agus sa tsochaí i gcoitinne. Déanann siad a ndícheall cuidiú le gach scoláire chun barr a gcumais a bhaint amach, beag beann ar ghné ar bith dá bhféiniúlacht nó dá gcúlra. I bpobalscoil náisiúnta, foghlaimíonn leanaí i dtimpeallacht ina gcothaítear folláine agus forbairt phearsanta.

Comhionannas

I bpobalscoileanna náisiúnta, tugtar comhdheiseanna do na scoláirí go léir chun clárú ar aon dul leis an Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018. Nuair a chláraíonn scoláire linn, déanann ár scoileanna a ndícheall chun comhdheiseanna a chur ar fáil do na scoláirí go léir chun a bheith rannpháirteach sa churaclam agus i saol na scoile. Caitear go cothrom le gach duine inár bpobail scoile i ngach gné de shaol na scoile, beag beann ar a gcine, a n-inscne, a reiligiún/gcreideamh, a n-aois, a stádas teaghlaigh, a stádas sibhialta, ballraíocht den Lucht Siúil, a ngnéaschlaonadh, a gcumas nó a stádas socheacnamaíoch.

Pobal

Baineann leanaí a fhreastalaíonn ar phobalscoileanna náisiúnta leas as timpeallacht scoile ina spreagtar tuismitheoirí chun páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile agus baineann siad tairbhe as an tacaíocht agus an saineolas a fhaigheann siad sa phobal i gcoitinne. Bainfidh do leanbh leas as na hacmhainní atá ar fáil sa phobal le cur lena eispéireas oideachasúil chomh maith. Feicfidh na leanaí a fhreastalaíonn ar PSN chomh maith go dtabharfar deiseanna oideachais aosaigh dá dtuismitheoirí tríd an scoil agus tríd an BOO.

Meas

Cuireann ár scoileanna oideachas atá iomlán uileghabhálach chun cinn, lena n-aithnítear iolracht fhéiniúlachtaí, creidiúintí

agus luachanna na scoláirí, na dtuismitheoirí agus na mball foirne. Déanaimid ár ndícheall chun saoránaigh fhreagracha a chur amach a bhfuil intinn oscailte acu, atá tuisceanach ó thaobh cultúir de agus a bhfuil tuiscint láidir acu ar luachanna comhroinnte.

Tá dlúthbhaint idir na cúig bhunluach sin agus nuair a thógtar le chéile iad tá siad uathúil do phobalscoileanna náisiúnta.

Glacadh 3,157 scoláire isteach sna scoileanna sa scoilbhliain 2019/2020.

Figiúirí Rollaithe i bPobalscoileanna Náisiúnta, 2019/2020	
Scoil	19/20
Scoil Choilm	875
Scoil Chormaic	554
Scoil Ghráinne	663
Iarthar na Cathrach agus Teach Sagard	414
Scoil Aoife	215
P.S.N. Leamhcáin	250
An Móinéar Leathan – Sord Thuaidh	20
Gleann na hAbhann – Sord Theas	30
Scoil Speisialta Danu	36
P.S.N. Thamhlachta	100
Iomlán	**3,157**

Sa bhreis ar phobalscoileanna náisiúnta, tá BOOÁCDL ina phátrún ar scoileanna cúraim speisialta chomh maith..

Cuireann na scoileanna cúraim speisialta seo oideachas ar fáil mar chuid de chontanam de chúram Stáit a chuirtear ar fáil do leanaí agus daoine óga. Bíonn na daoine óga a gcuirtear chuig na scoileanna

sin idir 11 agus 17 mbliana d'aois, bíonn siad an-leochaileach, agus an-dúshlánach uaireanta, agus bíonn próifílí síceolaíocha agus socheolaíocha casta acu.

Is é is aidhm leis an socrúchán scoile cúraim speisialta ná clár tacaíochta agus foghlama saincheaptha a sholáthar lena gcuirfear ar chumas an linbh/duine óig staid sheasmhach a bhaint amach agus bogadh ansin go dtí socrúchán nach bhfuil chomh daingean sin, bunaithe ar na riachtanais a mheastar atá ag an leanbh/duine óg sin.

Déanann BOOÁCDL foráil do shainchláir oideachais do na scoláirí sin, lena chinntiú go mbeidh a socrúchán gearrthéarmach um dhul chun cinn oideachais ina chuidiú le tuilleadh forbartha a dhéanamh i gcomhréir leis an gCreat Náisiúnta Cáilíochta, nuair a fhágfaidh an scoláire an socrúchán sin.

Figiúirí Rollaithe i Scoileanna Cúraim Speisialta 2019/2020	
Scoil	19/20
Crannóg Nua	8
Baile Uí Dhúda	7
Iomlán	15

Baineann ár bpobalscoileanna náisiúnta agus ár scoileanna cúraim speisialta tairbhe as bheith ina gcuid de BOOÁCDL tríd an líonra tacaíochta príomhoidí, atá á eagrú ag Nichola Spokes, Stiúrthóir na Scoileanna. Tacaíonn an Rannóg Airgeadais, an Rannóg AD, an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus an Rannóg TFC uile lenár bpobalscoileanna náisiúnta agus scoileanna cúraim speisialta a mbaineann buntáiste shuntasach as na tacaíochtaí sin.

Sa bhreis ar na tacaíochtaí sin, cuidítear le scoileanna trí ionduchtú múinteoirí, cláir cheannaireachta do mhúinteoirí (CCM), litearthacht teanga agus uimhearthacht, oideachas speisialta, teagasc agus foghlaim le cuidiú na teicneolaíochta, clár um múinteoirí agus ceannaireacht, cigireacht agus féinmheastóireacht scoile, tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta, agus Béarla mar theanga bhreise, chomh maith le cláir forbartha agus tacaíochta ceannaireachta do phríomhoidí agus leas-phríomhoidí.

Cuirtear oiliúint agus tacaíocht ar fáil freisin le ceapadh beartais agus rialachas trí obair

agus oiliúint leanúnach leis na Boird Bainistíochta agus lucht bainistíochta scoile.

Tacaíochtaí a chur ar fáil do scoileanna le haghaidh 2019-2020, a dhírigh go mór ar an soláthar oiliúna chun cianteagasc agus cianfhoghlaim a sholáthar do scoláirí agus múinteoirí. Cuireadh oiliúint ar breis agus 400 ball foirne, lena n-áirítear cúntóirí riachtanas speisialta, i bpobalscoileanna náisiúnta agus scoileanna cúraim speisialta araon, agus tugadh tacaíocht do na scoláirí uile maidir lena gcuid foghlama agus a rannpháirtíocht san oideachas ar feadh na tréimhse dá raibh na scoileanna dúnta.

Chomh maith leis sin, forbraíodh pobail chleachtais ar fud na n-earnálacha faoi seach, lena gcinntítear comhsheasmhacht ó thaobh struchtúr ceachta agus soláthar curaclaim de ar fud na scoileanna go léir fad ar coinníodh forbairt cumas oiliúna múinteoirí ina príomhghné de na pobail sin. Ar an gcaoi sin, cuireadh struchtúr foghlama FGL tacúil ar fáil do phobalscoileanna náisiúnta agus scoileanna cúraim speisialta araon, lena leantar de thacaíocht a thabhairt do na baill foirne agus scoláirí uile i réimse an chianteagaisc sa bhliain acadúil 2020-2021.

IAR-BHUNSCOIL

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ina phátrún ar 31 iar-bhunscoil agus cuirfidh sé réimse seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do na scoileanna sin, lena n-áirítear seirbhísí agus tacaíochtaí airgeadais, acmhainní daonna, tógála, cothabhála agus tacaíochtaí oideachasúla.

.

Tá coláistí pobail BOOÁCDL ina gcuid dhílis den saol ina bpobail áitiúla. Tá cur chuige cuimsitheach acu agus cuidíonn siad le daoine óga barr a gcumais a bhaint amach sa tsochaí. Cuireann siad ar chumas daltaí, múinteoirí agus tuismitheoirí dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh oideachais de i dtimpeallacht dhearfach, spreagúil. I measc na gclár atá á soláthar inár gcoláistí pobail tá:

- An Teastas Sóisearach
- Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
- An Idirbhliain
- An Ardteistiméireacht
- An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Gairmchlár na hArdteistiméireachta

Tá réimse iomlán ábhar, lena n-áirítear teangacha, na daonnachtaí, na healaíona,

teicneolaíochtaí agus eolaíocht, á múineadh sa tsraith shóisearach agus sa tsraith shinsearach araon. Spreagtar scoláirí chun páirt a ghlacadh i ngach gné de shaol na scoile lena n-áirítear gníomhaíochtaí seach-churaclaim cosúil le drámaíocht, ceol, díospóireacht agus spórt.

D'fhonn na caighdeáin teagaisc agus foghlama is airde ar fad agus an t-eispéireas oideachasúil is fearr is féidir a chinntiú dá scoláirí, cuirfidh BOOÁCDL tacaíochtaí ar fáil do na scoileanna uile maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL), ionduchtú múinteoirí, an clár ceannaireachta do mhúinteoirí (CCM), litearthacht teanga agus uimhearthacht, oideachas speisialta, teagasc agus foghlaim le cuidiú na teicneolaíochta, an clár um múinteoirí agus ceannaireacht, cigireacht agus féinmheastóireacht scoile, tacaíocht do Bhoird Bhainistíochta, Béarla mar theanga bhreise, chomh maith le cláir forbartha agus tacaíochta ceannaireachta do phríomhoidí, leas-phríomhoidí agus dóibh siúd a bhfuil poist mheánbhainistíochta acu.

De bhreis ar an tacaíocht thuasluaite, cuirfear tacaíocht ar fáil freisin le ceapadh beartais agus rialachas ach oibriú ar bhonn leanúnach le Boird Bhainistíochta agus foirne bainistíochta scoile, agus oiliúint a chur orthu.

Ar phríomhréimse oibre le scoileanna sa bhliain 2021/22 beidh tacaíocht leanúnach a chur ar fáil trí Sheirbhís Tacaíochta Síceolaíochta (STS) BOOÁCDL. Tá an tseirbhís seo ar fáil do scoláirí agus mic léinn in iar-bhunscoileanna, ionaid Ógtheagmhála agus earnálacha ina soláthraítear Breisoideachas, agus do bhaill foirne de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Tugann an tSeirbhís tacaíocht ghearrthéarmach agus soláthraíonn tacaíochtaí síceolaíocha leathana d'úsáideoirí na Seirbhíse arna iarraidh sin ag an scoil/ionad. Éascaíonn an tSeirbhís atreorú scoláirí agus mac léinn chuig sainghníomhaireachtaí eile a oireann dá gcuid riachtanas. Cuimsítear le ról na Seirbhíse Tacaíochta Síceolaíochta ionchur sainiúil i réimsí an taighde agus na hoiliúna agus i dtionscnaimh de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar leibhéal córasach.

DIGITAL CONNECT BOOÁCDL

'Daoine a Nascadh chun an Fhoghlaim a Fheabhsú'

Cumasaíonn ardáin thacaithe BOOÁCDL cumarsáid agus comhoibriú níos fearr i

ngach comhthéacs, ionad agus suíomh de chuid BOOÁCDL.
Thacaigh agus d'fhorbair oiliúint foirne i ngach earnáil de BOOÁCDL faoi 'Thionscadal Digital Connect' le rannpháirtíocht foirne i ngach ardán tacaithe de chuid BOOÁCDL a bhaineann lena n-earnáil. Ailíníonn agus tacaíonn an tacaíocht fhíorúil agus dhigiteach go léir le Straitéis FCT BOaO BOOÁCDL agus an *Straitéis Dhigiteach Dara Leibhéal 2015-2020*.

Cuirtear tacaíocht láraithe d'fhoghlaimeoirí ar fáil trí sheisiúin éagsúla pobail foghlama, a bhíonn idir idirghníomhach agus tarraingteach agus trí úsáid thacaithe a bhaint as ardáin lena dtacaíonn BOOÁCDL, eadhon Seesaw, Microsoft 365 agus Moodle.

Foireann BOOÁCDL a nascadh tríd an bhFoireann Chianfhoghlama, fís faoin gcaoi ar féidir le pobail fhíorúla cleachtais na bacainní praiticiúla maidir le suíomh agus am a shárú. Tá cinntithe ag an bhfoireann seo go roinntear an cleachtas fíorúil is fearr ar fud BOOÁCDL gan teorainn. Níl teorainn leis na féidearthachtaí a bhaineann le naisc fhíorúla den sórt sin.

Cinntítear nascacht fheabhsaithe trí chuntas Microsoft 365 a thabhairt do gach foghlaimeoir. Cinnteoidh cuntas aonair d'fhoghlaimeoirí, a bheidh siad in ann a úsáid dá gcuid uirlisí fíorúla go léir, go mbeidh an teicneolaíocht cuíchóirithe agus go mbeidh gach foghlaimeoir in ann rochtain uirthi beag beann ar a chumas, a scileanna nó a riachtanais. Tosaíocht de chuid BOOÁCDL é rochtain chothrom a thabhairt do gach foghlaimeoir.

Bealach iad ardáin nasctha do BOOÁCDL foghlaim dhigiteach ar feadh an tsaoil a chur chun cinn leis na bealaí seanbhunaithe foghlama fisiciúla atá ar fáil cheana féin a fheabhsú. Is féidir aistear foghlaimeora a nascadh anois le comhthéacsanna éagsúla ar fud BOOÁCDL.

Tugann Microsoft 365 deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil, nascacht ar fud eagraíochta agus deis do gach ball foirne agus foghlaimeoir dul i dtaithí ar ardán foghlama a fheabhsaíonn a saol agus a dtaithí gairmiúla.

Figiúirí Rollaithe in Iar-Bhunscoileanna, 2020/2021		
Scoileanna:	2ú Leibhéal	IAT iarbhír
C.P. Bhaile Adaim	919	
C.P. Ard Giolláin	1,012	
C.P. Bhaile Brigín	581	
C.P. Chaisleán Cnucha	1,178	
Coláiste Chillian	415	
Coláiste Cois Life	765	
Coláiste de hÍde	297	
Coláiste Pobail Setanta	1,040	
C.P. Pháirc Bhaile Choilín	589	39
Coláiste Pobail Fóla	79	
C.P. Ráth an Deagánaigh	306	59
C.P. Dhomhnach Bat	764	
CP Ériu	21	
C.P. Fhine Gall	886	
C.P. Theach na Giúise	807	
Gaelcholáiste Reachrann	489	
C.P. na Gráinsí	334	58
Coláiste na nGlaschnoc	147	199
C.P. an Ghrífín	201	
C.P. Choill an Rí	702	
An Chiseog	877	
C.P. Leamhcáin	921	
C.P. Lusca	730	
C.P. Bhaile Lotrail	919	
C.P. Mhóin Seiscinn	340	
C.P. Ghleanntán na hAbhann	245	
C.P. na Sceirí	993	
C.P. Fhinnéin	635	
C.P. Chaoimhín	376	
C.P. Shoird	366	
C.P. Mhic Dhara	843	
Iomlán	**18,777**	**355**

5

Ráiteas Seirbhíse: Seirbhísí Eile

CUID 5

AN TSEIRBHÍS FORBARTHA ÓIGE AGUS SPÓRT

Is é is aidhm fhoriomlán na seirbhíse ná raon leathan tacaíochtaí a chur ar fáil lenar féidir cláir, tionscadail agus seirbhísí ardchaighdeáin oideachais, áineasa agus forbartha a sholáthar agus a chomhordú do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste. Déantar an méid sin i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla, grúpaí deonacha agus eagraíochtaí óige deonacha ar nós Crosscare, Foróige agus YMCA. Tá an-chuid taithí againn ar chomhoibriú le comhairlí contae áitiúla thar na blianta chomh maith.

Is clár oideachais pleanáilte é Obair don Óige chun forbairt phearsanta agus shóisialta na ndaoine óga a fheabhsú, ar shlí lena gcomhlánaítear a n-oideachas foirmiúil, a n-oideachas acadúil nó a ngairmoideachas agus a gcuid oiliúna. (An tAcht um Obair Ógra, 2001)

Treoirphrionsabail Oibríochtúla

- **Comhionannas** - cothroime, meas agus cuimsiú
- **Comhoibriú** – comhpháirtíochtaí le pobail áitiúla, grúpa deonacha, Eagraíochtaí Óige
- **Nuálaíocht** - freagairt do riachtanais aitheanta daoine óga
- **Gairmiúlacht** – Soláthar seirbhíse ar an gcaighdeán is airde
- **Ionracas**

Comhfhreagraíonn réimse riaracháin BOOÁCDL do theorainneacha thrí cheantar údarás áitiúil: Comhairle Contae Fhine Gall, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá na húdaráis áitiúla aonair sin i measc na n-údarás áitiúil is mó sa tír agus tá raon daonraí i gceist leo, idir 290,000 i bhFine Gall, 280,000 i mBaile Átha Cliath Theas agus breis agus 210,000 i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Tá tríocha cúig faoin gcéad (35%) de dhaonra iomlán BOOÁCDL faoi bhun 25 bliana d'aois, agus astu sin tá daichead a cúig (45%) faoin gcéad faoi bhun 10 mbliana d'aois.

Tá ionadaíocht ag Roinn Seirbhís Forbartha Óige agus Spóirt BOOÁCDL ar líon mór coistí áitiúla agus Bord Bainistíochta. Tá an ionadaíocht sin ríthábhachtach chun pleananna gníomhaíochta a fhorbairt chun dul i ngleic le príomhchuspóirí agus

príomhthorthaí daoine óga mar a léirítear i mbeartais náisiúnta an rialtais, amhail an Straitéis Náisiúnta Drugaí, 2017-2025; Torthaí Níos Fearr Todhchaí Níos Gile, 2014-2020 agus an Straitéis Náisiúnta Óige, 2015-2020. I measc na gcoistí sin tá Coiste na Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga, Comhairle na nÓg, tascfhórsaí áitiúla drugaí agus comhpháirtíochtaí spóirt áitiúla.

Clár BOOÁCDL um Obair don Óige

1) **Clár Foghlama Malartach (CFM)**

Is clár oideachais eatramhach é an Clár Foghlama Malartach (CFM) a d'fhorbair BOOÁCDL toisc gur aithníodh nach raibh mórán deiseanna ar fáil do dhaoine óga faoi bhun 16 bliana d'aois nach raibh i mbun oideachas foirmiúil.

Ritear CFM thar sheachtain trí lá faoi láthair, i gcomhréir leis an mbliain acadúil agus bíonn sé bunaithe i mBaile Brigín, Sord, Cluain Dolcáin, Tamhlacht agus Dún Laoghaire. Cuireann meascán d'Oibrithe Óige arna gcur ar fáil ag Foróige agus Crosscare agus teagascóirí BOO an clár CFM ar fáil.

Leanamar ag oibriú go cianda le linn na héigeandála sláinte poiblí de bharr COVID 19 chun a chinntiú go mbeadh daoine óga fós ábalta leas a bhaint as CFM. Dhírigh ár dteagascóirí agus oibrithe don óige ar shláinte agus folláine na rannpháirtithe; agus rinne siad obair ar líne, deiseanna foghlama amuigh faoin aer, ranganna machnaimh ar líne agus faisnéis a sholáthar faoi sholáthar folláine na seirbhíse don óige.

Ghlac **44** duine óg páirt sa chlár in 2020:

Suíomh	An líon iomlán a atreoraíodh chugainn	Líon iomlán na rannpháirtithe
Baile Brigín	9	8
Sord	8	8
Cluain Dolcáin	17	11
Tamhlacht	9	5
Dún Laoghaire	20	12

2) Grúpa Cailíní Mhic Uilliam

Cuireadh tús le Cailíní Mhic Uilliam i mí an Mheithimh 2018 agus tá 10 ball baineann ann in 2020, idir 12-14 bliana d'aois, ó eastát tithíochta Mhic Uilliam (iarthar Thamhlachta).

Cuireadh an grúpa ar bun ar dtús mar aitheantas ar an easpa seirbhísí sa cheantar. Chuaigh oibrithe don óige de chuid BOOÁCDL i dteagmháil leis na cailíní trí sheirbhís ógtheagmhála a chur ar fáil sa cheantar áitiúil. Tá go leor fadhbanna cosúil le luathfhágáil na scoile, coireacht, drugaí, idirdhealú ciníoch, agus easpa saoráidí i gceist mórthimpeall eastát tithíochta Mhic Uilliam.

Cuireann an grúpa seo áit shlán ar fáil do na cailíní chun ag teacht le chéile ar bhonn seachtainiúil agus déantar foráil dóibh le linn meántéarma agus le linn an tsamhraidh chomh maith, i gcomhairle leis na daoine óga féin.

Le linn na paindéime i ndáil le Covid 19 in 2020, rinne oibrithe don óige de chuid BOOÁCDL an clár a bhogadh ar líne agus chuaigh siad i dteagmháil leis na cailíní óga trí WhatsApp, le pacáistí ealaíon agus ceardaíochta agus tacaíochtaí eile.

3) Éaluithe

Thug oibrithe don óige de chuid BOOÁCDL tacaíocht do Sheirbhís Óige Thamhlachta agus Foróige i rith mhíonna an tsamhraidh tríd an gclár seo. Cumhdaíodh na ceantair seo a leanas - Cill an Ardáin, Gort an tSrutháin, Fothair Chardain, Coillte Leamháin, Coill Tobair, Eastát Tithíochta Mhic Uilliam agus an Seanbhábhún. D'fhreastail thart ar 45 duine óg idir 10-16 bliana d'aois ó na ceantair sin ar na héaluithe. Oibríodh na cláir i gcomhréir

leis na treoirlínte ón roinn sláinte poiblí le linn 2020.

4) Clár Meantóireachta Sportivate

Bhuail oibrithe don óige de chuid BOOÁCDL le rannpháirtithe Sportivate ar bhonn seachtainiúil agus tugadh an deis do gach rannpháirtí aon réimsí ina bhféadfadh tacaíocht a bheith de dhíth orthu a phlé, amhail litearthacht, fadhbanna pearsanta nó deacrachtaí le rannpháirtithe eile. Cuireadh pleananna ar bun chun tacú leis an rannpháirtí de thoradh ar na cruinnithe sin. Ghlac 8 duine óg páirt sa chlár seo.

5) Grúpa Buachaillí Déardaoin/ For-rochtain

Trí chomhpháirtíocht le Foróige, cuireadh grúpa óige ar bun arís mar fhreagairt ar an easpa seirbhísí do dhaoine óga in eastát tithíochta Mhic Uilliam. Ba é an aidhm ionad sóisialta a fhorbairt d'fhireannaigh óga. Ghlac 3 bhuachaillí idir 12-15 bliana d'aois páirt sa ghrúpa.

I ndeireadh 2020, forbraíodh clár for-rochtana chun seirbhísí áitiúla don óige a chur chun cinn agus chun tuilleadh buachaillí óga a mhealladh do ghrúpa buachaillí Déardaoin.

6) An Clár For-rochtana

Ó mhí Dheireadh Fómhair go dtí mí na Nollag 2020, rinne Coiste Líonra Óige an Aird Mhóir/Eastát Tithíochta Mhic Uilliam clár for-rochtana a fhorbairt. Bhí an clár sin ar siúl tráthnóna Dé Máirt agus tráthnóna Déardaoin óna 6-8pm i gcomhpháirtíocht idir BOOÁCDL agus Seirbhís Óige Thamhlachta. Ar bhonn seachtainiúil, bhí 5-20 teagmháil ar an meán le daoine aonair éagsúla.

7) Aonad Sainchúraim Bhaile Uí Dhúda

Forbraíodh clár sé seachtaine i gcomhpháirtíocht le hAonad Sainchúraim Bhaile Uí Dhúda de chuid BOOÁCDL chun daoine óga sa tsaoráid a mhealladh trí chláir spriocdhírithe um obair don óige a chur ar fáil d'fhonn féinmheas agus muinín a chothú i suíomh grúpa. Ghlac ceathrar (4) daoine óga in iomlán páirt ann.

8) Clár Meitheal

Ba iad oibrithe don óige de chuid BOOÁCDL na cleachtóirí cinn i dtrí chruinniú de chuid 'Meitheal' (ar fhreastail triúr daoine óga orthu) agus rinne siad ionadaíocht do bheirt dhaoine óga eile a raibh baint acu le próiseas Meitheal.

9) Rochtain Shóisearach

Thacaigh oibrithe don óige de chuid BOOÁCDL leis an gclár píolótach Rochtain

Shóisearach, lenar cuireadh seacht (7) gclár struchtúrtha in iomlán ar fáil do chúigear (5) daoine óga in 2020. Ritear Rochtain Shóisearach i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Eoin Dé agus freastalaíonn sé ar dhaoine óga faoi bhun 16 bliana d'aois a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu agus nach bhfuil rannpháirteach in oideachas foirmiúil faoi láthair

Ionaid Spórt Dhá Fheidhm

Déanann an tSeirbhís Forbartha Óige agus Spóirt sé (6) ionad spóirt dhá fheidhm a bhainistiú ar fud limistéir riaracháin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus Chomhairle Contae Fhine Gall. Tá na hionaid sin suite i gceantair atá go mór faoi mhíbhuntáiste. Is é is aidhm leis an gclár na háiseanna úrscothacha seo a oscailt do scoileanna dara leibhéal ina gcomhpháirtithe, scoileanna náisiúnta áitiúla agus pobail araon.

Oibríonn na hionaid de réir samhail ghnó atá aireach go sóisialta agus a úsáideann na brabúis leis na saoráidí a rith agus a chothabháil chun go mbeidh fáil ag na glúnta atá le teacht orthu. Déantar an brabús a infheistiú in oiliúint a chur ar bhaill foirne agus i bpoist inbhuanaithe a fhorbairt chomh maith, d'fhonn a áirithiú go gcuirfí seirbhís inacmhainne ar fáil don phobal. Tá córas bainistíochta sláinte agus sábháilteachta láidir ar bun ar fud na n-ionad go léir, chomh maith le hoiliúint agus forbairt leanúnach do na baill foirne chun a áirithiú go gcuirtear seirbhís den scoth ar fáil.

Cuireann na hionaid spóirt raon leathan gníomhaíochtaí spóirt agus gníomhaíochtaí bunaithe ar chóitseáil ar fáil i.e. peil, cispheil, eitpheil chomh maith le gníomhaíochtaí níos pobalbhunaithe amhail cláir chorpacmhainne, tacaíochtaí do dhaoine faoi mhíchumais agus cláir chorpacmhainne le haghaidh laethanta saoire ón scoil do na leanaí áitiúla. Coinníonn agus forbraíonn na hionaid naisc láidre le seirbhísí áitiúla don óige, grúpaí pobail agus cláir chríochnaithe scolaíochta.

Cé go dtugtar tosaíocht do na scoileanna ó thaobh na saoráidí a úsáid i rith an lae, bíonn cláir agus gníomhaíochtaí lae eile ar siúl freisin, lena n-áirítear ranganna oideachais d'aosaigh, sacar ag am lóin, liathróid láimhe Oilimpeach agus badmantan chomh maith le tacaíochtaí do na cláir chríochaithe scolaíochta áitiúla. Oibríonn Seirbhís Óige Foróige ó ionad Bhaile Fiobail i rith an lae agus cuireann siad tacaíochtaí agus grúpaí ar fáil do dhaoine óga ar a ndírítear. D'fhreastail 360,000 duine ar na hionaid i gcaitheamh na

bliana 2019 agus d'fhreastail 250,000 duine orthu in 2020.

CLÁR SPÓIRT DON ÓIGE BOOÁCDL

1. Sporting Pathways 2020

Tugadh faoin gclár Sporting Pathways i gCill an Ardáin le scoláirí na 6ú bliana ó Choláiste Chill an Ardáin. Rinneadh é sin i gcomhpháirtíocht le Tionscadal Óige Chomhairle Pobail Chill an Ardáin (KCCYP). Lean an clár ar feadh 12 sheachtain agus bhí meascán d'obair don óige agus gníomhaíochtaí spóirt ann, amhail seisiúin sa spórtlann agus cáilíochtaí bunúsacha i sacar (PDP1), marcaíocht ar chapall agus bainistiú stábla agus ailleadóireacht. Cuireadh tús leis an gclár ag tús mhí Feabhra 2020 agus bhí sé beartaithe é a chur i gcrích i mí na Bealtaine, acu cuireadh ar fionraí é i mí an Mhárta de bharr Covid-19. Ghlac 9 rannpháirtithe in iomlán páirt ann – 8 buachaillí agus 1 chailín – agus léirigh siad go léir díograis iontach sular cuireadh an clár ar fionraí. Ar an drochuair, ní rabhthas ábalta an clár seo a chur i gcrích mar gheall ar orduithe dianghlasála. Táthar ag súil go bhféadfaí an clár seo a reáchtáil arís amach anseo nuair is féidir..

2. Dúshlán don Aos Óg Gníomhach 2020

Is clár bliantúil é Dúshlán don Aos Óg Gníomhach a dhéanann roinn Óige agus Spóirt BOOÁCDL é a eagrú agus a chomhordú. Tugann sé spreagadh do dhaoine óga páirt a ghlacadh i spóirt agus i ngníomhaíocht choirp i ngrúpaí thar thréimhse 12 sheachtain. Is grúpaí ó earnáil na seirbhísí óige is mó a bhíonn i gceist, ach cuirtear fáilte roimh ghrúpaí deonacha freisin áfach. Chláraigh daichead (40) grúpa in iomlán don chlár. Ghlac 375 rannpháirtí in iomlán páirt ann, a bhí idir 10-20 bliana d'aois. Táthar ag súil go bhféadfaí an clár seo a reáchtáil arís amach anseo nuair is féidir.

3. Sportivate

Cuireadh tús le Sportivate i mí Mheán Fómhair 2019 in Ionad Óige agus Pobail Ghort an tSrutháin i dTamhlacht. Thosaigh seisear daoine óga an cúrsa, ach cuireadh foghlaim duine le duine ar fionraí i mí an Mhárta 2020, leanamar ag obair le chéile ar líne agus ag seoladh amach obair ranga áfach. Tosaíodh an clár arís i mí Mheán Fómhair 2020 ach níor leanadh ar aghaidh leis mar níor ghlac mórán daoine páirt ann.

Tháinig an scéim UBU D'áit Do Spás (an Scéim Maoinithe Spriocdhírithe Óige roimhe seo) faoi choimirce na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige mar a bhí, ar a dtugtar an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) anois, i bhfeidhm an 1 Iúil 2020 le treoir shoiléir chun a chinntiú *"go bhfuil an timpeallacht bheartais agus rialachais ina n-úsáidtear an cistiú seo oiriúnach don fheidhm agus a go gcuireann sé ar chumas na bpáirtithe leasmhara go léir an beart is fearr agus is féidir a dhéanamh dár ndaoine óga".*

Tionscadail agus Seirbhísí Óige atá i bhFeidhm laistigh de BOOÁCDL

	Tamhlacht	Cluain Dolcáin	Baile Bhlainséir	Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh
Crosscare	1	5		2	1
Foróige	3		6		3
Neamhspleách	6	6	4	6	1
CCDLRD				2	
CCÁCT	4	1			

Scéim Deontais do Chlubanna Óige Deonacha Áitiúla

Dún Laoghaire (25)	Ráth an Dúin (16)	Tamhlacht (54)
Cluain Dolcáin (21)	Baile Bhlainséir (33)	Tuaisceart an Chontae (49)

AN TSEIRBHÍS TACAÍOCHTA SÍCEOLAÍOCHTA (STS)

Bhí tionchar ag paindéim Covid-19 ar Éirinn in 2020 agus rinneadh oiriúnuithe suntasacha chun seirbhís a chur ar fáil do scoileanna agus ionaid le linn na srianta sláinte a forchuireadh go náisiúnta.

Tá an tSeirbhís um Thacaíocht Síceolaíochta ar fáil do scoláirí i Scoileanna Dara Leibhéal, Ionaid Ógtheagmhála agus earnálacha Breisoideachais a thagann faoin choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire. Cuirtear réimse leathan tacaí síceolaíochta ar fáil mar fhreagra ar iarrataí ó scoileanna agus ó ionaid. Ina theannta sin, tairgeann an tSeirbhís tacaíocht ghearrthéarmach do bhaill foirne atá ag obair le BOOÁCDL. Ar leibhéal sistéamach, bíonn an tSeirbhís um Thacaíocht Síceolaíochta ag gabháil do thaighde, oiliúint agus tionscnaimh de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

Scóip

Cuirtear an tseirbhís ar fáil i gcomhréir leis na hacmhainní atá ar fáil.

Bíonn idirghabhálacha na foirne dírithe ar na bearta seo a leanas:

- tacaíocht dhíreach agus tacaíocht indíreach araon a thabhairt do scoláirí.
- réiteach a fháil ar na deacrachtaí atá ag daoine i dtaobh iompair, spreagtha, mothúcháin agus cognaíochta, trí mheasúnú agus idirghabháil theiripeach.
- obair choisctheach le spriocghrúpaí.
- tacaíocht ghairmiúil don fhoireann teagaisc. m.sh. comhairliúchán.
- oiliúint inseirbhíse i réimsí éagsúla.
- tacaíocht do bhaill foirne.

Bearta Samplacha

Chuaigh thart ar 1,006 ball foirne i dteagmháil leis an tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear comhairliúchán, oiliúint inseirbhíse agus tacaíocht. Pléadh le hiarrataí chuig STS maidir le thart ar 260 scoláire trí idirghabhálacha aonair nó trí idirghabhálacha grúpa. Áiríodh leis an obair a rinne an tSeirbhís freisin comhoibriú le gníomhaireachtaí seachtracha ar nós na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Bord Oideachais agus Oiliúna

Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, BOOÉ, FSS, chomh maith le rannpháirtíocht sa tionscnamh *Connecting for Life*.

Samplaí dá bhfuil Bainte Amach

- Cuireadh an tseirbhís in oiriúint do dhálaí cianoibre agus baineadh leas as timpeallachtaí ar líne chun an méid a leanas a chur ar fáil:
    - Comhairliúcháin;
    - Seimineáir Ghréasáin;
    - Grúpobair;
    - Obair aonair.
- Rinneadh idirghabhálacha meabhairshláinte a fhorbairt agus a sholáthar do scoláirí agus baill foirne:
    - An Clár *Changing Minds* – Daoine Fásta agus Déagóirí;
    - Tóg 5;
    - Nótaí Meabhairshláinte;
    - Ceardlann Mheabhairshláinte;
    - Tacú le baill foirne le linn géarchéime.
- Cuireadh bunoiliúint agus ardoiliúint sa Tástáil Chaighdeánaithe ar fáil do bhaill foirne.
- Cuireadh oiliúint shainiúil ar fáil ar WIAT III-an leagan do mhúinteoirí agus WRAT 5.
- Foilsíodh Leabhrán Staidéir as Béarla agus as Gaeilge:
    - Help Yourself;
    - Tabhair Cabhair Duit Féin;
- Freagairt do Theagmhas Criticiúil.
- Tacaíodh le cur chun feidhme chlár Spriocdhírithe Saibhriúcháin Feuerstein um fheabhsú cognaíoch.
- Tionscnamh um Chleachtas Machnamhach curtha ar bun.
- Tugadh tacaíocht do líonraí Treoirchomhairleoirí, líonraí Tacaíochta Foghlama agus líonraí Litearthachta, Teanga agus Uimhearthachta.
- Ionchuir Mheabhairshláinte do mhúinteoirí agus baill foirne riaracháin.
- D'oibríodh le baill foirne lena n-áirítear comhairliúchán agus tacaíocht shíceolaíoch.

Is sampla é seo den obair a rinneadh i mbliain a bhí deacair agus dúshlánach. Bhí cuid de na hidirghabhálacha a cuireadh ar fáil inrochtana do bhaill uile eagraíocht BOOÁCDL. I gcás go leor de na tionscnaimh thuasluaite lena n-áirítear measúnú, scileanna staidéir, sláinte agus folláine, bhí méid suntasach oibre i gceist ó thaobh taighde, ullmhaithe agus soláthair de. Ina theannta sin, d'oibrigh an fhoireann STS go díograiseach chun iad sin a aistriú ina bhformáid dhigiteach. Ghlac na síceolaithe go fonnmhar, trí phróiseas FGL, an deis chun oibriú ar líne le baill foirne agus scoláirí d'fhonn leanúint de sheirbhís den scoth a chur ar fáil.

PRÍOMHEAGRAÍOCHTAÍ A BHFUIL CAIDREAMH AGAINN LEO

Choinnigh BOOÁCDL comhpháirtíochtaí láidre in 2020 le raon comhlachtaí agus gníomhaireachtaí oideachais a thacaíonn le forbairt an churaclaim agus forbairt ghairmiúil araon. Áiríodh leis sin, nascadh leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus Foireann na Sraithe Sóisearaí.
Lean BOOÁCDL ag obair i dtreo a thosaíochtaí (Sprioc Straitéiseach 4.2) maidir le líonrú straitéiseach agus comhpháirtíochtaí leis na príomhpháirtithe leasmhara. I measc na bpáirtithe leasmhara tá comhlachtaí reachtúla agus poiblí, údaráis áitiúla agus daoine eile a chuireann oideachas agus oiliúint ar fáil, lena n-áirítear eagraíochtaí tathanta, grúpaí pobail, grúpaí neamhbhrabúis, grúpaí deonach agus grúpaí óige. Tá comhpháirtíochtaí straitéiseacha ag BOOÁCDL le fostaithe agus líonraí fiontraíochta áitiúla chun tacú le cláir uasoiliúna agus athoiliúna agus chun iad a éascú don mhargadh saothair áitiúil/réigiúnach, lena n-áirítear tacaíochtaí d'fhostaithe printíseach.

D'éirigh foghlaim dhigiteach ina cuid fhíorthábhachtach dár saolta in 2020. D'oibrigh BOOÁCDL le saineolaithe an tionscail agus phléigh sé le saineolas ar an tionscal chun tacú le teagasc agus foghlaim faoin na tionscadail agus/nó tionscnaimh seo a leanas:

a) Comhoibriú agus foghlaim dhigiteach tríd an 'Tionscadal Microsoft Connect' agus H2 Learning - ag tacú le 5 scoil DEIS in BOOÁCDL chun inlíon inmheánach a dhearadh do bhaill foirne, agus tacú leis, chomh maith le timpeallacht fhíorúil foghlama (TFF) chun tacú le teagasc agus foghlaim.

b) Foghlaim dhigiteach agus comhoibriú trí ainmniú BOOÁCDL ag Apple mar Ionad Oiliúna Réigiúnach - ag tacú le seisiúin FGL fhíorúla rialta do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí ar fud BOOÁCDL.

c) Foghlaim dhigiteach agus comhoibriú lenár gcomhpháirtí straitéiseach 'Wriggle' - ag tacú leis an Tionscadal Connect 1 le 1 lena ndéantar na gnéithe lóistíochta agus riaracháin uile d'úsáid 1 le 1 a lárú.

d) Foghlaim dhigiteach agus comhoibriú le scoileanna 'Big Picture' i dtionscadal ERASMUS chun iniúchadh a dhéanamh ar

shamhlacha foghlama malartacha ar fud an domhain.

Chomhoibrigh BOOÁCDL le comhpháirtithe Eorpacha ar thionscadail teanga freisin tríd an **Lárionad Eorpach um Nuatheangacha**, Graz, an Ostair. In 2020/21, d'oibrigh sé i gcomhar le **Teangacha Iar-Bhunscoile Éireann** ar thionscadal dar teideal *"An Intercultural Look at our Schools"* atá ina oiriúnú áitiúil de thionscadal ECML a raibh BOOÁCDL agus PPLI araon páirteach ann "A roadmap for schools to support the language(s) of schooling" (2017-2019). Is institiúid de chuid Chomhairle na hEorpa í ECML a chuireann sármhaitheas in oideachas teanga chun cinn ina ballstáit. Nuair a chríochnófar tástáil an tionscadail, cuirfear ar fáil é do gach iar-bhunscoil ó mhí Mheán Fómhair 2021.

Tá BOOÁCDL ina ionad scrúdaithe Údaraithe do Scrúduithe **Béarla** de chuid **Cambridge Assessment**. Cuireann an caidreamh sin saineolas ar fáil ar réimsí an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe i ndáil leis an mBéarla. Maidir le scoláirí ó chúlra imirceach a fhreastalaíonn ar iar-bhunscoileanna, Ógtheagmháil, Ionaid Oiliúna Speisialta agus Coláistí Breisoideachais, is féidir measúnú a dhéanamh orthu de réir mar is gá trí thairseach um Thriail Socrúcháin Béarla ar líne Cambridge a bhfuil BOOÁCDL údaraithe chun í a riar.

Leis an obair a rinne na páirtithe leasmhara in 2020, áirítear tuairisciú chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS), an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ), agus SOLAS, agus oibriú i gcomhar leo, ar fud na scoileanna agus clár agus seirbhísí breisoideachais agus oiliúna agus clár agus seirbhísí óige uile. Leanadh leis an gcomhaontú idirghníomhaireachta idir BOOÁCDL agus an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí in 2020, chun deiseanna oideachais agus oiliúna a chur ar fáil do dhaoine aonair nach bhfuil gníomhach sa mhargadh saothair.

Lean BOOÁCDL lena chuid oibre mar pháirtí leasmhar a rannchuidigh le forbairt eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta limistéar riaracháin BOOÁCDL, is é sin Comhairlí Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fhine Gall agus Bhaile Átha Cliath Theas. Tá BOOÁCDL ina chomhalta de Choistí um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ) na dtrí chomhairle uile agus tacaíonn siad le hobair na gcomhpháirtíochtaí ceantair áitiúil trí oibriú idirghníomhaireachta áitiúil agus ballraíocht ar bhord na gcuideachtaí forbartha áitiúla lena n-áirítear Empower, Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha

Cliath agus Comhpháirtíocht Chontae Bhaile Átha Cliath Theas.

I measc na n-ionchur eile ó pháirtithe leasmhara BOOÁCDL in 2020 i dtaca le forbairtí in earnáil an oideachais agus na hoiliúna bhí ionadaíocht ar chomhlachtaí rialála Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, na hInstitiúide Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta i nDún Laoghaire agus comhar le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), go háirithe agus dámhachtainí nua á bhforbairt i réimse an chúraim leanaí.

In 2020, d'oibrigh Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire i gcomhar le líon mór eagraíochtaí agus institiúidí eile trí uaireanta teagaisc nó cúnamh airgeadais a sholáthar, lena n-áirítear:

- Scoil Speisialta Beinin Casa
- An tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinsí (Dún Droma & Port Reachrann)
- Ceardlann Oiliúna Pobail Dhún Laoghaire
- Tionscadal Deonach, Tamhlacht Thiar
- Grúpa Acmhainní Oideachais Fhine Gall
- Ceardlann Oiliúna Fhine Gall
- Oiliúint Ghinearálta maidir leis an Lucht Siúil
- Ceardlann Oiliúna Pobail Bhaile Rónáin
- Scoil Speisialta Naomh Agaistín
- Tionscadal Lucht Siúil Thamhlachta
- Tionscadal Tivoli, Dún Laoghaire
- Clár Tower, Co. Bhaile Átha Cliath
- Youth Horizons
- Scoil Speisialta na Crannóige Nua
- Aonad Sainchúraim Bhaile Uí Dhúda
- Ionad Coinneála Bhaile an Oibricigh

Choinnigh agus neartaigh BOOÁCDL a chaidreamh le Seirbhísí Comhroinnte ESBS freisin, agus leanadh leis an gcóras párolla a fhorbairt agus le híocaíochtaí foghlaimeoirí a aistriú agus lenár bpacáiste airgeadais a uasghrádú.

6

Aguisín:

A - An Fhoireann Ardbhainistíochta, Scoileanna, Coláistí IAT, Ionaid Oideachais agus Róil & Seirbhísí Tacaíochta

B – Coistí BOO

C- Scoileanna Pobail a bhfuil BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar a mBord Bainistíochta mar Chomhphátrún

D- Glacadh agus comhlíonadh an Chóid Rialachais

E- Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird

F- Dearbhú an Bhoird go bhfuil an Eagraíocht ag Cloí leis na Ceanglais go léir is Infheidhme agus á gComhlíonadh

Giorrúcháin

AGUISÍNÍ

AGUISÍN A

Foireann Ardbhainistíochta BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, Scoileanna, Coláistí IAT, Ionaid Oideachais agus Róil agus Seirbhísí Tacaíochta

An Fhoireann Ardbhainistíochta

Paddy Lavelle, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (mí Eanáir go dtí mí Mheán Fómhair 2020)

Caitríona Murphy, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach (mí Mheán Fómhair go dtí mí na Nollag 2020)

Debbie Howlett, an Stiúrthóir Gníomhach Eagraíochta, Tacaíochta agus Forbartha

Adrian Flynn, Stiúrthóir Scoileanna

Nichola Spokes, Stiúrthóir na Scoileanna

Caitríona Murphy, Stiúrthóir an Bhreisoideachais (mí Eanáir go dtí mí Mheán Fómhair 2020)

Trevor Moore, Stiúrthóir Gníomhach an Bhreisoideachais (mí Mheán Fómhair go dtí mí na Nollag 2020)

Pobalscoileanna Náisiúnta

Scoil Choilm

Scoil Chormaic

Scoil Ghráinne

P.S.N. Leamhcáin

Scoil Aoife

P.S.N. Iarthar na Cathrach agus Theach Sagard

P.S.N. an Mhóinéir Leathain

P.S.N. Ghleann na hAbhann

P.S.N. Thamhlachta

Coláistí Pobail Ainmnithe

Coláiste Pobail Chaisleán Cnucha

Coláiste Cois Life

Coláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Ráth an Deagánaigh (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Theach na Giúise

Gaelcholáiste Reachrann

Coláiste Pobail na Gráinsí (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail an Ghrífín

Coláiste Pobail na Ciseoige

Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Ghleanntán na hAbhann

Coláiste Pobail Chaoimhín (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Mhic Dara

Coláiste Pobail na Sceirí

Coláistí Pobail nach bhfuil Ainmnithe

Coláiste Pobail Bhaile Adaim

Coláiste Pobail Ard Giolláin

Coláiste Pobail Bhaile Brigín

Coláiste Chillian

Coláiste Pobail Fóla

Coláiste de hÍde

Coláiste Pobail Setanta

Coláiste Pobail Dhomhnach Bat

Coláiste Pobail Ériu

Coláiste Pobail Fhine Gall

Coláiste na nGlaschnoc (a chuireann BO ar fáil freisin)

Coláiste Pobail Choill an Rí

Coláiste Pobail Leamhcáin

Coláiste Pobail Lusca

Coláiste Pobail Bhaile Lotrail

Coláiste Pobail Fhionáin

Coláiste Pobail Shoird

Scoileanna Speisialta

Scoil Speisialta Phobail Dhanu

Aonad Sainchúraim Scoile na Crannóige Nua

Aonad Sainchúraim Scoile Bhaile Uí Dhúda

Coláistí Breisoideachais IAT

Institiúid Bhreisoideachais na Carraige Duibhe

Institiúid Bhreisoideachais Dhún Laoghaire

Coláiste Breisoideachais Dhún Droma

Coláiste Breisoideachais an Naigín

Coláiste Breisoideachais Stigh Lorgan

Ionaid Oideachais agus Oiliúna

Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin

Ionad Oiliúna Bhaile Dúill

Ionad Oiliúna Thamhlachta

Ionaid Choinneála

Ionad Oideachais Bhaile an Oibricigh

Seirbhísí Oideachais Aosaigh

Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh

Baile Átha Cliath Thiar Thuaidh

Baile Átha Cliath Thoir Theas

Baile Átha Cliath Thiar Theas

Ionaid Ógtheagmhála

Ionad Ógtheagmhála Bhaile Brigín

Ionad Ógtheagmhála Bhaile Bhlainséir

Ionad Ógtheagmhála Chluain Dolcáin

Ionad Ógtheagmhála Leamhcáin

Ionad Ógtheagmhála na Prióireachta

Ionad Ógtheagmhála Ráth Fearnáin

Ionad Ógtheagmhála an Rois

An tIonad Spóirt Ógtheagmhála

Ionad Ógtheagmhála Shoird

Ionad Ógtheagmhála Thamhlachta

An tAonad um Thacaíocht agus Oiliúint don Ógra

Róil agus Seirbhísí Tacaíochta

Seirbhísí Treorach d'Aosaigh

Oifigeach Forbartha Contae don Óige

Oifigeach Forbartha do FGL, TFO agus SDOG

Oifigeach Forbartha do Bhéarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE)

Oifigeach Forbartha do Dhearbhú Cáilíochta (DC)

Oifigeach Forbartha do Thaighde agus Seirbhísí Litearthachta

An tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta

Comhordaitheoir Réigiúnach Seirbhísí Ógtheagmhála agus Ionad Oiliúna do Thaistealaithe.

Tá na sonraí ar fad faoi gach ceann de na nithe thuas le fáil ar láithreán gréasáin BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire: www.ddletb.ie

AGUISÍN B

Coistí an BOO:

An Coiste Airgeadais

An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

An Coiste Óige agus Spórt

Coistí Ógtheagmhála

AGUISÍN C

Scoileanna Pobail a bhfuil BOO Átha Cliath agus Dhún Laoghaire ar a mBord Bainistíochta mar Chomhphátrún:

Scoil Phobail Naomh Tiarnáin

Scoil Phobail Bhaile an tSaoir

Scoil Phobail Bhaile an Bhlácaigh

Coláiste Pobail Aodháin

Scoil Phobail Chábán tSíle

Scoil Phobail Chúil Mhín

Scoil Phobail Thobar an Domhnaigh

Scoil Phobail Bhaile an Hartaigh

Scoil Phobail an Teaghlaigh Naofa, Ráth Cúil

Scoil Phobail Chill an Ardáin

Scoil Phobail Chnoc Lín

Scoil Phobail Mhullach Íde

Scoil Phobail an tSeanbhábhúin

Scoil Phobail Bhaile Phámar

Scoil Phobail Phort Mearnóg

Scoil Phobail Mharcais

Scoil Phobail Thamhlachta

Scoileanna Cuimsitheacha a bhfuil an POF ar a mBord:

Scoil Chuimsitheach na Páirce Nua

AGUISÍN D

Glacadh agus Comhlíonadh an Chóid Rialachais.

Leagtar amach an Cód Rialachais do BOOnna in Imlitir 02/2019, a d'eisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna chuig na BOOnna go léir i mí Eanáir 2019. Ghlac BOOÁCDL an Cód Rialachais 02/2019 ag a chruinniú an 26 Márta 2019. Sular glacadh an Cód Rialachais 02/2019 d'oibrigh BOOÁCDL faoin gCód Rialachais 18/2015. Deimhníonn an Bord gur oibrigh BOOÁCDL i gcomhréir leis an gCód Rialachais le haghaidh BOOnna.

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huaire in 2020. Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire le linn 2020.

AGUISÍN **E**

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Bhoird.

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013.

Éilítear ar an BOO le hAlt 51 den Acht sin na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choinneáil ar an airgead a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna le toiliú an Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na cuntais sin á gcur i dtoll a chéile, éilítear ar an mBord:

(a) gnáthbheartais chuntasaíochta a chur i bhfeidhm maidir le hullmhú ráitis airgeadais an BOO;
(b) breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
(c) aon imeacht ábhartha ó na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a nochtadh agus míniú a thabhairt air.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choinneáil, a nochtfaidh, go réasúnta cruinn tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuirfidh ar a chumas a chinntiú go bhfuil na Ráitis Airgeadais ag teacht le halt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

AGUISÍN F

Dearbhú an Bhoird go bhfuil an Eagraíocht ag Cloí leis na Ceanglais go léir is Infheidhme agus á gComhlíonadh.

Deimhníonn an Bord an méid seo a leanas ar son Bhord Oideachais & Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020:

1. Go dtugtar léiriú iomchuí ar ioncam agus caiteachas an Bhoird agus ar staid ghnóthaí an Bhoird sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil;
2. Rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus ar an Ráiteas um Rialú Inmheánach, atá faoi réir athrú go dtí go mbeidh an t-iniúchadh seachtrach críochnaithe, arna chur san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2020 a fhoilseofar laistigh de mhí amháin tar

éis í a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire

3. Gur chloígh BOOÁCDL leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí;
4. Rinne an BOOÁCDL a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach a chomhlíonadh in 2020;
5. Ghlac an BOOÁCDL Plean Soláthair Chorparáidigh agus chuir sé i bhfeidhm mé; agus
6. Cuireadh Tuarascáil Chuimsitheach rúnda ó na Cathaoirligh faoi bhráid an Aire.

GIORRÚCHÁIN

CFM	Clár Foghlama Malartach
TFO	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
MBCOFM	Measúnacht agus Bainistíocht Chomhoibríoch na Féinmharfachta
ARCC	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
CP	Coláiste Pobail
POF	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Clr	Comhairleoir
PSN	Pobalscoil Náisiúnta
Co. Co.	Comhairle Contae
FGL	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
CPT	Comhcheangal Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha
CSP	An Clár Seirbhísí Pobail
DEIS	Comhdheiseanna a Sholáthar i Scoileanna
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
BOOÁCDL	Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
BTB	Béarla mar Theanga Bhreise
BCTE	Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
BOO	Bord Oideachais agus Oiliúna
BOOÉ	Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann
BO	Breisoideachas
BOAO	Breisoideachas agus Oiliúint
AD	Acmhainní Daonna
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
DTOBA	Dianteagasc san Oideachas Bunata Aosach
TLU	Teangacha, Litearthacht, Uimhearthacht

ÁNLA	An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh
SNSO	An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
TFE	Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta
IAT	Iar-Ardteistiméireacht
STS	An tSeirbhís Tacaíochta Síceolaíochta (STS)
DC	Dearbhú Cáilíochta
DCCÉ	Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
CCÁCT	Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas
SOLAS	Seirbhísí Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
FCT	Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta
YMCA	Cumann Críostaí na bhFear Óg

ddletb
Átha Cliath agus Dún Laoghaire Bord Oideachais agus Oiliúna
Dublin and Dún Laoghaire Education and Training Board